An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

# Nósanna Imeachta agus Critéir um Chleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta 2023/2024

De bhun Alt 7(2) (f) agus (g) de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001 go 2015

# Clár na nÁbhar

**Gluais téarmaí** ........ 2

**Liosta na n-acrainmneacha** ........ 3

1 Réamhrá ........ 4

1.1 **Clárú faoi réir coinníollacha** ........ 4

1.2 **Coinníollacha um Chleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta** ........ 4

1.3 **Coinníollacha clárúcháin eile** ........ 5

1.4 **Tréimhsí ama maidir le coinníollacha clárúcháin a chur i gcrích** ........ 6

1.5 **Coinníollacha agus Fostaíocht um chleachtadh gairmiúil iarcháilíochta** ........ 6

1.6 **Cáilíochtaí oideachais múinteoirí ar baineadh amach san Aontas Eorpach (AE)/ tíortha an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE)** ........ 6

2 *Droichead* - An Creat Comhtháite Ionduchtaithe Gairmiúil ........ 8

2.1 **Nósanna imeachta agus critéir don phróiseas *Droichead* (bunscoil & *iar-bhunscoil*)** ........ 8

2.1.1 An próiseas *Droichead* ........ 8

2.1.2 Suíomhanna inar féidir leis an bpróiseas *Droichead tarlú* ........ *9*

2.1.3 Tréimhse an chleachtais ghairmiúil a theastaíonn ........ 9

2.1.4 Snáithe A: Snáithe Scoilbhunaithe ........ 10

2.1.5 Gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise (Snáithe B) ........ 11

2.1.6 Caighdeáin chun an próiseas Droichead a threorú agus chun tacú leis ........ 11

2.1.7 Taifid maidir leis an bpróiseas *Droichead* a choimeád ........ 11

2.1.8 An Próiseas *Droichead* a thabhairt chun críche ........ 12

2.1.9 Comhsheasmhacht agus dearbhú cáilíochta ........ 12

2.1.10 Treoir bhreise ........ 12

3 Iar-Phróisis thraidisiúnta ........ 13

3.1 **Iar-Nósanna imeachta agus iar-chritéir maidir le promhadh** ........ 13

3.1.1 Riachtanas Seirbhíse ........ 13

3.1.2 Múinteoirí a promhadh roimhe seo i suíomh teoranta ........ 13

3.2 **Nósanna imeachta agus critéir le haghaidh fostaíochta iarcháilíochta** ........ 14

3.2.1 An coinníoll clárúcháin maidir le fostaíocht iarcháilíochta (FIC) ........ 14

3.2.2 Riachtanas seirbhíse ........ 14

3.2.3 An Próiseas Fostaíochta Iarcháilíochta a thabhairt chun críche ........ 15

3.2.4 Eolas Breise ........ 15

3.3 **Nósanna imeachta agus critéir maidir leis an gClár Ceardlainne Ionduchtaithe** ........ 16

3.3.1 An Clár Ceardlainne Ionduchtaithe (bunscoil & iar-bhunscoil) ........ 16

4 Droichead agus gluaiseacht idir scoileanna ........ 18

5 Sonraí Teagmhála ........ 19

**Aguisín 1:** Amlínte don Chéim Fáis maidir le *Droichead* ........ 20

**Aguisín 2:** *Droichead*: Treoir Mhear (Bunscoil agus Iar-Bhunscoil) ........ 21

**Aguisín 3:** Treoir Leagáide Choinníollacha um Chleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta ........ 23

**Aguisín 4:** Caighdeáin maidir le *Droichead* ........ 24

**Aguisín 5:** Eolas Leagáide maidir le Promhadh (Bunscoil) ........ 25

**Aguisín 6:** Critéir Leagáide maidir le Cigireachtaí Promhaidh ........ 30

**Aguisín 7:** Rialacháin Chlárúcháin 2016 ........ 31

# Gluais téarmaí

***Comhalta***

Is múinteoir lánchláraithe atá i mbun cleachtais an comhalta agus gur meantóir a bhfuil taithí aige/aici é/í, agus/nó ar éascaitheoir maidir leis an gClár Ionduchtaithe é/í chomh maith, atá ainmnithe ag an gClár Rannán Ionduchtaithe Droichead de chuid Oide (Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí (CNIM) roimhe seo) chun tacú leis an bpróiseas *Droichead.*

***Ionad Oideachais***

Ciallaíonn Ionad Oideachais áit, seachas scoil nó áit ina gcuirtear oideachas ollscoile nó tríú leibhéal ar fáil, ina bhfuil oideachas aosach nó breisoideachas nó gairmoideachas nó oiliúint ceadaithe agus atá ainmnithe chun na críche sin. Is féidir leis an Aire (an tAcht Oideachais, 1998) áit a ainmniú mar Ionad Oideachais ó am go ham.

***Cnuaschruinnithe***

Tá cnuaschruinnithe mar chuid den phróiseas *Droichead.* Freastalaíonn múinteoirí nuacháilithe (MNCnna) ar chnuaschruinniú amháin in aghaidh an téarma in ionad oideachais áitiúil nó ar líne. Déanann Comhaltaí Ionduchtaithe Droichead na cruinnithe a éascú agus i gcomhar le grúpa MNCnna. Déantar clár oibre an chruinnithe a leagan amach i gcomhar leis na MNCnna agus d'fhéadfadh go mbeadh plé á dhéanamh ar ghnéithe tábhachtacha de *Droichead* mar shampla an próiseas breathnóireachta, comhráite gairmiúla, Taisce, srl.

***Leanúntas in Oideachas Múinteoirí***

Tá cuntas anseo ar na bearta oideachais agus forbartha foirmiúla agus neamhfhoirmiúla a dtugann múinteoirí fúthu, mar fhoghlaimeoirí feadh an tsaoil le linn a ngairm mhúinteoireachta. Cuimsíonn sé oideachas tosaigh múinteoirí, ionduchtú, forbairt ghairmiúil luath agus forbairt ghairmiúil leanúnach agus tacaíocht gairme níos déanaí.

***Droichead***

*Is creat comhtháite Ionduchtaithe gairmiúil é Droichead*, lena n-áirítear ionduchtú scoilbhunaithe agus bearta breise maidir leis an bhfoghlaim ghairmiúil araon, chun freastail ar riachtanais múinteoirí i dtús a ngairme. Baineann *Droichead* le bunscoileanna agus le hiar-bhunscoileanna agus le hIonaid Oideachais ina mbíonn ábha(i)r an churaclaim iar-bhunscoile á múineadh, sa chás go bhfuil na scoileanna nó na hionaid sin cláraithe ag an Rannán Ionduchtaithe Droichead de chuid Oide mar rannpháirtithe sa phróiseas *Droichead.*

***Ionad Oideachais***

Is áiteanna iad na hionaid oideachais ina bhfuil bearta agus cláir foghlama gairmiúla do mhúinteoirí á gcur ar fáil. Tá na Cnuaschruinnithe don phróiseas *Droichead* agus na cláir Cheardlainne Ionduchtaithe ó na próisis thraidisiúnta araon ar fáil sna hionaid oideachais.

**An *Clár Ceardlainne Ionduchtaithe***

Is clár foghlama solúbtha atá sa Chlár Ceardlainne Ionduchtaithe, arna mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS), atá leagtha amach chun freastal ar riachtanais ar leith múinteoirí nuacháilithe (MNCnna).

Tógann an clár, atá á chomhordú ag Rannán Ionduchtaithe Droichead de chuid Oide, ar an bhfoghlaim a tharla le linn oideachas tosaigh múinteoirí. Is féidir le MNC é a chuir in oiriúint de réir a c(h)uid cúinsí ar leith. Éilítear ar MNCnna arb é promhadh (bunscoil) nó fostaíocht iarcháilíochta (iar-bhunscoil) a mbealach chuig clárú iomlán a bhaint amach, tabhairt faoi 20 uair a chloig ar a laghad d'fhoghlaim ghairmiúil agus is féidir bearta foghlama gairmiúla bunaithe scoilbhunaithe a chur i dteannta ceardlanna lasmuigh den láthair scoile, chun an riachtanas sin a chomhlíonadh.

***Meantóir***

Is múinteoir a bhfuil a lán taithí aige/aici an meantóir a bhfuil clár forbartha gairmiúil déanta aige/aici roimhe seo leis an gClár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí (CNIM). Tacaíonn an meantóir le foghlaim ghairmiúil an mhúinteora nuacháilithe (MNC) agus éascaíonn, i gcomhar le comhghleacaithe, maidir le hionduchtúchán an mhúinteora sa scoil agus i ngairm na múinteoireachta.

***Rannán Ionduchtaithe Droichead* (An Clár Náisiúnta *Ionduchtaithe do Mhúinteoirí* (CNIM)) roimhe seo**

Déanann Rannán Ionduchtáin Droichead de chuid Oide comhordú ar sholáthar clár ilghnéitheach ionduchtaithe do mhúinteoirí. Faigheann baill foirne lánaimseartha (Ceannairí Foghlama Gairmiúla) tacaíocht ina gcuid oibre ó fhoireann de chomhlaigh Ionduchtaithe Droichead (féach thuas).

***Oide***

Is seirbhís tacaíochta é Oide do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile, arna maoiniú ag an Roinn Oideachais (RO) a cruthaíodh ó chomhtháthú ceithre sheirbhís tacaíochta a bhí ann cheana agus a seoladh ar 1 Meán Fómhair, 2023.

### *Múinteoir Nuacháilithe (MNC)*

Is múinteoir é/í múinteoir nuacháilithe a shásaíonn riachtanais na Comhairle maidir le cáilíochtaí ach nach bhfuil an tréimhse maidir le cleachtadh gairmiúil riachtanach curtha i gcrích aige nó aici. Sa cháipéis seo, is ionann múinteoirí nuacháilithe (MNCnna) agus aon mhúinteoir nuacháilithe atá i dtús a g(h)airm mhúinteoireachta, nó múinteoir atá ag filleadh ar an múinteoireacht tar éis tréimhse neamhláithreachta, beag beann ar dháta ná ar cháilíocht.

### *Rannpháirtíocht in Droichead*

Cuireann scoil atá rannpháirteach in *Droichead* múnla ionduchtaithe gairmiúil Droichead ar fáil, atá forbartha ag an gComhairle. Tugann múinteoirí nuacháilithe i scoileanna den chineál sin faoi thréimhse do chleachtadh gairmiúil agus tacaíocht ar fáil, ar a dtugtar próiseas *Droichead*, faoi mar atá sainithe thuas.

### *Fostaíocht iarcháilíochta (FIC)*

Ba choinníoll clárúcháin é fostaíocht iarcháilíochta (FIC) a bhain le gach múinteoir iar-bhunscoile nuachláraithe seachas iad siúd a bhí faoi phróiseas *Droichead*, faoi mar atá sainithe thuas. Chun an coinníoll maidir le FIC a chomhlíonadh, ceanglaíodh ar mhúinteoirí tréimhse fostaíochta iarcháilíochta a chríochnú. Níl sé seo ar fáil ach i gcúinsí eisceachtúla do mhúinteoirí a chláraigh leis an gComhairle roimh 1 Meitheamh 2020 agus a bhfuil FIC ag gabháil lena gclárú.

### *Coinníoll um Chleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta*

atá i gceist leis an tréimhse de chleachtadh maoirsithe, a chomhlíonann riachtanais na Comhairle Múinteoireachta maidir le nósanna imeachta atá leagtha síos aici maidir le hionduchtú múinteoirí go gairm na múinteoireachta agus na nósanna imeachta agus na critéir a bhí leagtha síos aici roimhe seo do phromhadh múinteoirí lena n-áirítear tréimhsí promhaidh. Níl socrúchán múinteora san áireamh leis seo agus ní bhaineann sé ach le cleachtadh iarcháilíochta cuí.

### *Promhadh*

Bhí an promhadh ina choinníoll clárúcháin a cuireadh i bhfeidhm ar gach múinteoir bunscoile nua-chláraithe. Baineadh an coinníoll nuair a léirigh an múinteoir don Chomhairle gur chomhlíon sé/sí critéir áirithe iarcháilíochta. Níl promhadh ar fáil a thuilleadh. Ní mór do mhúinteoirí an próiseas *Droichead* a chur i gcrích anois.

### *Foireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG)*

Foireann múinteoirí a bhfuil lán taithí acu agus atá lánchláraithe atá san Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG) a oibríonn go comhoibríoch chun cúnamh taca agus meantóireacht a chur ar fáil don mhúinteoir nuacháilithe le linn phróiseas *Droichead* agus é/í tosú ar scoil agus tús a chur lena s(h)lí gairme mhúinteoireachta. Éilítear ar gach comhalta den fhoireann tacaíochta gairmiúla (FTG) forbairt ghairmiúil *Droichead* arna soláthar ag Rannán Ionduchtáin Droichead de chuid Oide a chur i gcrích.

### *Taisce: Foghlaim Phunannbhunaithe*

Forbraíonn múinteoirí atá ag tabhairt faoi *Droichead* punann d'fhoghlaim ghairmiúil le himeacht ama, chun tacú leis an bpróiseas machnaimh ar a gcleachtas. Féadfaidh an phunann fócas a sholáthar do na comhráite gairmiúla atá lárnach do *Droichead* agus ligean don MNC réimsí a shainaithint ina bhféadfadh tacaíocht nó treoir a bheith ag teastáil uaidh /uaithi. Is féidir é a chruthú i gcóip chrua nó formáid leictreonach. Tá tuilleadh sonraí faoin bpróiseas seo ar fáil i ríomhleabhar *Droichead* ar leathanaigh *Droichead* ar shuíomh gréasáin na Comhairle. Tá treoir phraiticiúil faoin bpróiseas seo ar fáil do MNCnna agus don FTG ón Rannán Ionduchtáin Droichead de chuid Oide.

## Liosta na n-acrainmneacha

| | |
|---|---|
| **IA** | **Institiúid Ardoideachais** |
| **RG** | **Riachtanas na Gaeilge** |
| **OTM** | **Oideachas Tosaigh Múinteoirí** |
| **MNC** | **Múinteoir Nuacháilithe** |
| **OCG** | **Oiriúnú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge** |
| **FIC** | **Fostaíocht Iarcháilíochta** |
| **FTG** | **Foireann Tacaíochta Gairmiúla** |
| **SCG** | **Scrúdú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge** |
| **DCCÉ** | **Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann** |

# 1 Réamhrá

Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta ("an Chomhairle") an comhlacht ar a leagtar an fhreagracht faoin reachtaíocht maidir le múinteoirí a chlárú in Éirinn. Déanann an Chomhairle múinteoirí a chlárú i gcomhréir le Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárú) 2009 nó le Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárú) 2016 arna leasú. Tá cóip de na rialacháin sin, maille le sonraí iomlána faoin dóigh inar féidir le múinteoirí nuachláraithe agus le múinteoirí eile iarratas maidir le clárúchán a dhéanamh leis an gComhairle, ar fáil ar **www.teachingcouncil.ie.**

Leagtar amach sa cháipéis seo riachtanais na Comhairle maidir le múinteoirí nuachláraithe nach mór dóibh coinníoll nó coinníollacha clárúcháin iarcháilíochta a chomhlíonadh in Éirinn, lena n-áirítear *Droichead*, agus i roinnt cúinsí eisceachtúla na Próisis Thraidisiúnta leagáide maidir le Fostaíocht iarcháilíochta (FI) agus an Clár Ceardlainne Ionduchtúcháin. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gurb é *Droichead* an t-aon bhealach ionduchtaithe do gach múinteoir Bunscoile agus Iar-bhunscoile ón mbliain acadúil 2020/2021 ar aghaidh. Tá eolas agus soiléireacht bhreise maidir leis an gcéim fáis den phróiseas *Droichead* agus le feidhmiú na bPróiseas Traidisiúnta ar fáil in Aguisíní na cáipéise seo.

## 1.1 Clárú faoi réir coinníollacha

Féadfaidh múinteoir a chríochnaigh an chéad 50 lá den phróiseas promhaidh faoin gCigireacht agus a chaithfidh an 50 lá deiridh a chríochnú, nó múinteoir a bhí páirteach sa phróiseas promhaidh roimhe seo ach nach bhfuair toradh rathúil:

1.1.1 Clárú faoi réir coinníollacha (clárúchán faoi choinníoll) sa chás nach bhfuil na riachtanais uile maidir le clárúchán, arna leagan síos ag an gComhairle, comhlíonta ag an iarratasóir ar chlárúchán. Is é an gnáthrud é do gach múinteoir nuacháilithe (MNCnna) agus d'fhéadfadh feidhm a bheith aige freisin maidir le múinteoirí eile i gcásanna áirithe. Tá múinteoir a bhfuil clárúchán faoi choinníoll aige/aici i dteideal a bheith fostaithe san earnáil scoile atá oiriúnach dá c(h)áilíochtaí in Éirinn. Soláthraíonn ciorcláin arna bhfoilsiú ag an Roinn Oideachais (RO) an fhaisnéis ábhartha agus tá siad ar fáil ar **www.education.ie.**

Cuirtear na coinníollacha a bhaineann le clárú múinteora, agus an tréimhse ama a cheadaítear chun na coinníollacha sin a chomhlíonadh, in iúl don mhúinteoir nuair a ligtear isteach ar Chlár na Múinteoirí iad. Is féidir le múinteoir a c(h)uid coinníollacha clárúcháin a sheiceáil freisin ar an gcuid Mo Chlárúchán ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

1.1.2 Cé go bhfuil coinníollacha clárúcháin fós ann, níl múinteoir cláraithe go hiomlán agus ní féidir é/í a aithint mar mhúinteoir i mBallstáit eile den AE/LEE de réir Threoir Eorpach 2005/36/CE arna leasú. Tá an rud céanna i gceist nuair is mian le múinteoir ó Bhallstát eile iarratas a dhéanamh ar chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta in Éirinn. Tá tuilleadh eolais le fáil i Roinn 1.6.

1.1.3 Féadfaidh múinteoirí atá cláraithe faoi Rialachán a Dó (Bunscoil) /(Bealach 1), a ndearnadh páirt phromhadh orthu roimhe seo i suíomh srianta, a bheith i dteideal iarratas a dhéanamh ar chlárú iomlán san earnáil sin faoi réir critéar ar leith. Tháinig an polasaí seo i bhfeidhm ón 1 Meán Fómhair 2016 agus sonraítear é i gCuid 3.1.2.

## 1.2 Coinníollacha um Chleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta

1.2.1 Nuair a ghlactar le múinteoir ar Chlár na Múinteoirí, eiseofar Teastas Clárúcháin dó/di ina luafar aon choinníollacha a bhaineann lena c(h)lárúchán. Sa chás nár chomhlíon múinteoir an ceanglas maidir le cleachtas gairmiúil iarcháilíochta roimhe seo cuirfear é seo mar choinníoll leis an gclárúchán de ghnáth.
Tá an coinníoll (coinníollacha) leagtha amach thíos a bhaineann le múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile araon a chláraigh i ndiaidh an 1 Meitheamh 2020, maidir le cleachtadh gairmiúil iarcháilíochta, agus tá coinníollacha a bhaineann leis na múinteoirí a chláraigh roimh an dáta sin leagtha amach freisin.[1]

1. D'fhéadfadh coinníollacha eile nach bhfuil bunaithe ar chleachtadh a bheith i gceist e.g. Riachtanas na Gaeilge, Easnaimh i gCáilíochtaí. Tá siad seo liostaithe ar Dheimhniú Clárúcháin an mhúinteora. Tá tuilleadh eolais ar fáil i gcuid 1.3.

1.2.2 Do mhúinteoirí a chláraíonn ar an 1 Meitheamh 2020 nó i ndiaidh an dáta sin, is é an próiseas Droichead an t-aon choinníoll maidir le cleachtadh gairmiúil iarcháilíochta atá i gceangal leis an stádas clárúcháin atá acu.

1.2.3 Múinteoirí bunscoile, atá fostaithe ar feadh tréimhse ama dóthanach i mbunscoil nó i scoil speisialta

| Earnáil | Cláraithe tar éis 1 Meitheamh 2020 | Cláraithe roimh 1 Meitheamh 2020 |
|---|---|---|
| **Bunscoil** | **Droichead** | **Droichead**<br>**NÓ**<br>**Clár Ceardlann Phromhaidh agus Ionduchtaithe** |
| **Iar-bhunscoil** | **Droichead** | **Droichead**<br>**NÓ**<br>**Fostaíocht Iarcháilíochta (FI) agus Clár Ceardlainne Ionduchtaithe** |

a ghlacann páirt in *Droichead*, an próiseas *Droichead* a chur i gcrích chun an coinníoll clárúcháin a chomhlíonadh.

1.2.4 Ó Mheán Fómhair 2020 is é *Droichead* an t-aon bhealach ionduchtaithe do MNCnna i suíomhanna Oideachais Speisialta (MOS) agus i ngach bunscoil.

1.2.5 Beidh ar mhúinteoirí iar-bhunscoile atá fostaithe ar feadh tréimhse leordhóthanach ama in iar-bhunscoil nó scoil oideachais speisialta a ghlacann páirt in *Droichead* próiseas *Droichead* a chur i gcrích chun an coinníoll clárúcháin a chomhlíonadh.

1.2.6 Ó Mheán Fómhair 2020 is é *Droichead* an t-aon bhealach ionduchtaithe do gach MNC iar-bhunscoile i suíomhanna MOS agus i ngach iar-bhunscoil.

1.2.7 Le haghaidh gluaiseachta idir scoileanna rannpháirteacha agus scoileanna nach bhfuil próiseas *Droichead* ar fáil iontu, féach le do thoil, Mír 4 den doiciméad seo.

1.2.8 Foilsítear Socruithe Idirthréimhseacha ar www.teachingcouncil.ie chun treoir a thabhairt do mhúinteoirí a thosaigh ag comhlíonadh a gcoinníollacha um chleachtadh iarcháilíochta roimh an scoilbhliain 2020/2021 nó múinteoirí atá ag gluaiseacht idir scoileanna le linn na scoilbhliana.

## 1.3 Coinníollacha clárúcháin eile

1.3.1 Nuair a ghlactar le múinteoir ar an gClár, féadfaidh sé/sí coinníollacha seachas coinníollacha um chleachtadh iarcháilíochta a fháil. Tá na coinníollacha seo liostaithe ar an Deimhniú Clárúcháin lena n-áirítear freisin dáta éaga faoina gcaithfear na coinníollacha a chomhlíonadh. Tá eolas faoi na coinníollacha seo ar fáil ar **www.teachingcouncil.ie.**

## 1.4 Tréimhsí ama maidir le coinníollacha clárúcháin a chur i gcrích

1.4.1 Go ginearálta, ceanglaítear ar mhúinteoirí a gcoinníollacha clárúcháin a chomhlíonadh laistigh de thrí bliana ón gcéad chlárú.

1.4.2 Mura gcomhlíontar go sásúil na coinníollacha laistigh den tréimhse shainithe, d'fhéadfadh sé go rachadh an clárú i léig.

1.4.3 I gcúinsí teoranta áirithe, is féidir le múinteoir cláraithe iarratas a dhéanamh chuig an gComhairle chun síneadh a chur lena t(h)réimhse clárúcháin choinníollach. Féach an Lámhleabhar Clárúcháin reatha nó **www.teachingcouncil.ie** chun tuilleadh eolais a fháil.

## 1.5 Coinníollacha agus Fostaíocht um chleachtadh gairmiúil iarcháilíochta

1.5.1 Ní mheastar ach fostaíocht íoctha a bheith ina seirbhís ináirithe chun coinníollacha um chleachtadh gairmiúil iarcháilíochta a chomhlíonadh. Ón 3 Deireadh Fómhair 2016, ní ghlactar a thuilleadh le scéimeanna intéirneachta ar nós JobBridge agus scéimeanna dá leithéid a d'fhéadfaí tosú amach anseo, mar shocruithe incháilithe don phost.

1.5.2 Sa chás go bhfuil múinteoir i bpost faoi mhaoiniú neamh-Stáit, beidh na treoirlínte seo a leanas i bhfeidhm:

a) Tá na téarmaí agus na coinníollacha lena n-áirítear scálaí pá mórán mar a chéile leo siúd atá i bhfeidhm ar fud an chóras oideachais

b) Comhlíontar na critéir go léir atá leagtha amach sa doiciméad seo lena n-áirítear suímh, curaclam agus fad. Comhlíontar gach dualgas agus ceanglas ábhartha RO agus reachtúil eile.

## 1.6 Cáilíochtaí oideachais múinteoirí ar baineadh amach san Aontas Eorpach (AE)/ tíortha an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE)

1.6.1 I gcomhréir leis na Treoracha ón gComhairle Eorpach maidir le hAitheantas Frithpháirteach Cáilíochtaí Gairmiúla 2005/36/CE arna leasú, a ndéantar a dtrasuí faoin dlí leis na Rialacháin um Cháilíochtaí Gairmiúla a Aithint 2017 (IR 8 de 2017), tá daoine a bhfuil aitheantas acu chun críche múinteoireachta i mBallstát amháin de chuid an AE i dteideal aitheantas a thabhairt do na cáilíochtaí sin i ngach Ballstát eile. Féadfar an t-aitheantas sin a thabhairt faoi réir coinníollacha, go dtí go ndéanfar aon easnaimh a aithníodh a shlánú. Is í an Chomhairle an t-údarás inniúil ainmnithe in Éirinn maidir le hiarratais a mheas ionas go gcinntítear go sásaítear na critéir cháilíochta a leagtar amach sna rialacháin de chuid na Comhairle Múinteoireachta a bhaineann le hábhar.

1.6.2 Roimhe seo bhí ar mhúinteoirí bunscoile gach coinníoll eile a bhí leagtha síos ag an gComhairle a chomhlíonadh sula dtabharfaí aghaidh ar aon choinníollacha um chleachtadh iarcháilíochta a chuir an Chomhairle i bhfeidhm tríd an bpróiseas traidisiúnta promhaidh. Ón scoilbhliain 2017/2018 ar aghaidh, féadfaidh múinteoirí a chríochnaíonn próiseas Droichead amhlaidh a dhéanamh sula gcomhlíonfaidh siad gach coinníoll eile a ghabhann lena gclárúchán. Leagtar amach breis sonraí maidir lena bhfuil i gceist leis an Treoir thuasluaite i ndáil le clárúchán múinteoirí agus le cáilíochtaí múinteoirí i gCiorclán 0031/2010 na Roinne Oideachais atá ar fáil ar **www.education.ie.**

1.6.3 Sa chás go bhfuil cleachtadh gairmiúil iarcháilíochta foirmiúil déanta ag iarratasóir i dtír eile, ba chóir fianaise go ndearnadh sin go sásúil a chur isteach chuig an gComhairle leis an iarratas ar chlárúchán. Is faoin gComhairle a dheimhniú más leor an fhianaise a chuirtear ar fáil le díolúine a thabhairt maidir leis na riachtanais a ghabhann le cleachtadh gairmiúil iarcháilíochta in Éirinn.

1.6.4 D'eisigh an Chomhairle fógra an 19 Bealtaine 2010 ag cur daoine ar an eolas a raibh sé beartaithe acu tús a chur le cáilíocht oideachais múinteoirí a ghnóthú i mBallstát eile de chuid an AE/LEE ón 1 Eanáir 2011 ar aghaidh nach mór dóibh freisin aon tréimhse den chleachtadh gairmiúil iarcháilíochta a chríochnú (mar shampla, MNC nó bliain Ionduchtaithe) sa tír ina gnóthaíodh an cháilíocht. Ní mór dóibh a bheith aitheanta/cláraithe go hiomlán faoi théarmaí Threoir 2005/36/CE ag údarás ainmnithe an Bhallstáit sin roimh chlárú a lorg leis an gComhairle Mhúinteoireachta in Éirinn. Ba cheart go mbeadh feidhm aige seo freisin maidir le hiarratasóirí ó stáit ábhartha nach dtagann faoi raon feidhme Threoir na gCáilíochtaí Gairmiúla, agus maidir le hiarratasóirí an Tríú Tír. Ní athraíonn fógra ón gComhairle socruithe do dhaoine a thosaigh nó a chríochnaigh cáilíocht mhúinteoireachta lasmuigh d'Éirinn roimh an 31 Nollaig 2010.

1.6.5 De bharr na gcúinsí eisceachtúla a léirigh Covid-19 agus ar bhonn éigeandála agus teoranta ó thaobh ama d'iarr an Chomhairle Mhúinteoireachta trí Ionstraim Reachtúla chun leasú a cheadú ar Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárú) 2016. Ón 10 Lúnasa 2020 ghlac an Chomhairle Mhúinteoireachta le hiarratais ó mhúinteoirí a cháiligh lasmuigh d'Éirinn ach nach raibh an tréimhse riachtanach ionduchtaithe críochnaithe acu sa tír inar cháiligh siad. Ní mór do na múinteoirí seo Ionduchtúchán (Droichead) a dhéanamh in Éirinn. Rinneadh iarratais i gcomhréir leis na Rialacháin um Chomhairle Mhúinteoireachta (Clárú) (Leasú) 2020 (IR 269 de 2020), Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárú) (Leasú) 2021 (IR 266 de 2021) agus na Comhairle Múinteoireachta (Clárú) (Leasú) Rialacháin 2023 (SI Uimh.12 de 2023).

# 2 *Droichead* An Creat Comhtháite Ionduchtaithe Gairmiúil

## 2.1 Nósanna imeachta agus critéir maidir leis an bpróiseas *Droichead* (bunscoil agus iar-bhunscoil)

***Réamhrá***

Tá feidhm leis na nósanna imeachta seo a leanas sa chás go mbíonn múinteoir nuacháilithe fostaithe ar feadh tréimhse sách fada i scoil atá páirteach sa phróiseas *Droichead*. Chun tuilleadh eolais maidir leis an gcéim fáis den phróiseas *Droichead* agus chun forléargas ar na próisis uile a fháil, féach ar na hAguisíní. D'fhéadfadh treoir bhreise a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Comhairle ó am go ham maidir le feidhmiú an phróisis *Droichead* le linn na scoilbhliana 2023/2024.

### *2.1.1* An *próiseas Droichead*

2.1.1.1 Is creat comhtháite Ionduchtaithe gairmiúil é *Droichead* do mhúinteoirí nuacháilithe (MNCnna). Aithníonn sé éifeachtacht na gclár athchoincheapaithe d'oideachas tosaigh múinteoirí agus go háirithe an socrúchán scoile leathnaithe, in ullmhúchán gairmiúil na múinteoirí faoi oiliúint. Tógann sé ar an gcéim sin, ag tógáil mar phointe tosaigh ar na réimsí foghlama breise atá aitheanta ag an MNC i gcomhar leis an IAO mar chuid den taithí socrúcháin scoile. Ag an am céanna, aithníonn sé gur céim shainiúil de chontanam oideachas múinteoirí é an ionduchtú, próiseas sóisialaithe isteach i ngairm na múinteoireachta. Áiríonn an creat comhtháite seo ionduchtú scoilbhunaithe agus gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise chun dul i ngleic le riachtanais na múinteoirí agus iad ag tosú ar a ngairmeacha beatha.

2.1.1.2 Is é príomhchuspóir phróiseas *Droichead* tacú le foghlaim ghairmiúil MNCnna le linn na céime ionduchtaithe, agus ar an gcaoi sin an bhunchloch a leagan don fhás agus don fhoghlaim ghairmiúil ina dhiaidh sin don chéad chéim eile dá ngairm bheatha.

2.1.1.3 Tar éis phróiseas Droichead, déanann an MNC dearbhú go bhfuil sé/sí réidh le bogadh go dtí an chéad chéim eile ar chontanam oideachas múinteoirí. Déanann an múinteoir agus comhghleacaithe a bhfuil taithí acu comhdhearbhú, tar éis machnamh comhchoiteann, gur ghlac siad páirt i bpróiseas teagaisc agus foghlama ar ardchaighdeán de bharr a rannpháirtíochta in Droichead. Ansin déanann an Chomhairle coinníoll Droichead (agus coinníollacha um chleachtadh iarcháilíochta eile) a bhaint de chlárú an mhúinteora. Beidh an múinteoir cláraithe go hiomlán ag an gComhairle nuair a bheidh na coinníollacha clárúcháin ar fad (m.sh. Riachtanas Gaeilge, coinníollacha easpa cáilíochtaí) comhlíonta ag an gComhairle.

2.1.1.4 Nuair a bhíonn MNC fostaithe i scoil rannpháirteach i suíomh incháilithe (féach 2.1.2) agus ar feadh na híostréimhse cleachtais ghairmiúil (féach 2.1.3), cláraíonn sé/sí do phróiseas *Droichead* tríd an rannán Logáil Isteach/Mo Chlárúchán ar láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta. Nuair a dhéanfar athbhreithniú ar a (h)iarratas, agus nuair a bheidh gach rud in ord, eiseofar ríomhphost chuige/chuici ag ceadú dó/di tús a chur le próiseas *Droichead*. Ar chríochnú phróiseas *Droichead*, ní mór do MNC an Fhoirm D *Droichead* ar líne a chomhlánú agus a chur isteach. (féach 2.1.8 do shoiléiriú breise).

2.1.1.5 Tá dhá phríomhshnáithe ag baint leis an bpróiseas *Droichead* mar chreat comhtháite ionduchtúcháin don MNC. Ionduchtúchán scoilbhunaithe amháin (Snáithe A) is ea an chéad shnáithe, trína bhfaigheann an MNC tacaíocht ó chomhghleacaithe le taithí. Tá an dara snáithe comhdhéanta de ghníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise (Snáithe B), a chuimsíonn freastail ar chnuaschruinnithe MNC in ionaid oideachais áitiúla, agus gníomhaíocht foghlama gairmiúla amháin eile a bhaineann le riachtanais an MNC. D'fhéadfadh gnáthghníomhaíochtaí foghlama a bheith i gceist, mar shampla, rannpháirtíocht i gceardlann, cruinniú de Líonra Gairmiúil Múinteoirí (cumann ábhar), gníomhaíocht foghlama cumaisc ar líne, freastal ar chomhdháil, Féilte, srl. (Féach 2.1.5).

### *2.1.2 Suíomhanna inar féidir leis an bpróiseas Droichead tarlú*

#### 2.1.2.1 Bunscoil

Ó 2020/2021 i leith is é Droichead an t-aon bhealach ionduchtaithe do gach MNC bunscoile.

De ghnáth tabharfaidh múinteoir bunscoile faoi phróiseas *Droichead* nuair a bheidh sé/sí fostaithe mar mhúinteoir ranga príomhshrutha. Tá sé de riail ghinearálta gur féidir fostaíocht le pá ar bhonn buan nó sealadach nó i mbun ionadaíochta a áireamh sa chás go bhfuil an múinteoir ag teagasc réimsí uile Churaclam na Bunscoile, Gaeilge san áireamh, do rang príomhshruth daltaí (ar aon ghrád amháin nó níos mó ná sin) ar feadh an lá scoile ar fad agus sa chás go ligfidh sealbhaíocht an phoist sa scoil don mhúinteoir na híoschoinníollacha maidir le tréimhse ama a leagtar amach in 2.1.3.2 thíos a shásamh.

2.1.2.2 Ach amháin i gcásanna eisceachtúla, is i ngnáthshuíomhanna is ceart do scoileanna MNCnna a chur chun feidhme. I gcúinsí áirithe, nuair is é/í an múinteoir is oiriúnaí chun tacú le riachtanais daltaí, féadfaidh an MNC an próiseas *Droichead* a chur i gcrích i gceann de na róil oideachais speisialta seo a leanas[2]:

a) múinteoir ag rang speisialta i scoil phríomhshruth

b) múinteoir i scoil speisialta

c) múinteoir acmhainne lánaimseartha do dhaltaí faoi mhíchumas íosmhinicíochta (mar atá sainmhínithe ag an Roinn Oideachais)

d) múinteoir tacaíochta foghlama lánaimseartha

e) ról a chomhcheanglaíonn c) agus d) thuas (post Teagasc Tacaíochta Foghlama/Acmhainne).

2.1.2.3 Sna cásanna thuas, caithfidh an cohórt céanna daltaí a bheith i gceist leis an tréimhse fostaíochta (ach amháin i gcás neamhláithreachtaí eisceachtúla). Mar chuid de phróiseas *Droichead*, ba chóir don scoil iarracht a dhéanamh freisin a chinntiú go bhfuil deiseanna ag an MNC teagasc i suíomh príomhshrutha, a chuimseodh teagasc agus foghlaim na Gaeilge i rang príomhshrutha, i gcomhar leis an múinteoir ranga.

#### 2.1.2.4 Iar-bhunscoil

Ó mhí Mheán Fómhair 2020/2021 i leith is é *Droichead* an t-aon bhealach ionduchtaithe do gach MNC iar-bhunscoile.

De ghnáth tabharfaidh múinteoir iar-bhunscoile faoi phróiseas *Droichead* nuair a bheidh sé/sí fostaithe in iar-bhunscoil aitheanta. Tá sé de riail ghinearálta gur féidir fostaíocht le pá ar bhonn buan nó sealadach nó i mbun ionadaíochta a áireamh sa chás go ligfidh fostaíocht den sórt sin don mhúinteoir na híoschoinníollacha maidir le tréimhse ama a leagtar amach in 2.1.3.3 thíos a chomhlíonadh.

2.1.2.5 Is féidir le múinteoir iar-bhunscoile an próiseas *Droichead* a chur i gcrích freisin sa chás go bhfuiltear fostaithe i ról acu seo a leanas[3]:

a) múinteoir i scoil speisialta ina bhfuil sciar de na daltaí atá ag freastal ar an scoil in aois iar-bhunscoile agus ábha(i)r de chuid an churaclaim iar-bhunscoile á (d)t(h)eagasc ag an múinteoir do dhaltaí den sórt sin,

nó

b) múinteoir in Ionad Oideachais ina bhfuil ábha(i)r de chuid an churaclaim iar-bhunscoile á theagasc/a dteagasc.

### *2.1.3 Tréimhse an chleachtais ghairmiúil* a *theastaíonn*

2.1.3.1 Áirítear le cleachtas gairmiúil (i) socrúchán scoile (10 seachtaine) le linn oideachas tosaigh múinteoirí agus (ii) cleachtas gairmiúil iarcháilíochta. Tá leasú déanta ar an bpróiseas Droichead i ndáil leis an riachtanas maidir le cleachtadh gairmiúil iarcháilíochta a chomhlíonadh chun an síneadh leis an socrúchán scoile le linn oiliúint tosaigh múinteora a thabhairt san áireamh.

2. Ciorclán 0020/2022 na Roinne Oideachais

3. Ciorclán 0021/2022 na Roinne Oideachais

2.1.3.2 Ní mór do mhúinteoir bunscoile bloc de 60 lá scoile i ndiaidh a chéile a chríochnú i suíomh incháilithe ón dáta a ceapadh den chéad uair é/í chuig post atá aitheanta le haghaidh phróiseas *Droichead* i mbunscoil. Ní mór don mhúinteoir clárú le haghaidh phróiseas *Droichead* leis an gComhairle trí úsáid a bhaint as an gcuid Logáil Isteach/Mo Chlárúchán ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta laistigh de 5 lá oibre ó thosú fostaíochta ináirithe. [4]

2.1.3.3 Ní mór do mhúinteoir iar-bhunscoile 200 uair an chloig d'fhostaíocht mhúinteoireachta a chríochnú i suíomh incháilithe lena n-áirítear teagasc ábhair/ábhair churaclaim iar-bhunscoile chuig rang ainmnithe ar chlár ama na scoile, nó fostaíocht i ról múinteoireachta oideachais speisialta. Ní mór don mhúinteoir clárú leis an gComhairle do phróiseas Droichead, ag baint úsáide as an gcuid Logáil Isteach/Mo Chlárúchán ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta laistigh de 5 lá oibre ón bhfostaíocht ináirithe.

2.1.3.4 Ba chóir a thabhairt faoi deara gur iad seo na híostréimhsí cleachtais is giorra is féidir a áireamh. Ós rud é go bhfuil *Droichead*, mar chreat ionduchtaithe, deartha chun an t-uasleibhéal tacaíochta, treorach agus comhairle a sholáthar, moltar, má bhíonn am breise ag MNC ina scoil de bhreis ar na híosriachtanais atá leagtha amach in 2.1.3.2. agus 2.1.3.3. thuas, go n-úsáidfí am breise chun tacú leis an bpróiseas *Droichead*.

### *2.1.4 Snáithe A: Snáithe Scoilbhunaithe*

2.1.4.1 Baineann *Droichead* go bunúsach le haistear gairmiúil an MNC agus le próiseas a Ionduchtúcháin. Is cuid lárnach den phróiseas seo rannpháirtíocht MNC le comhghleacaithe a bhfuil níos mó taithí acu, agus machnamh ar na comhráite gairmiúla a bhíonn ar siúl maidir lena bhfoghlaim agus a gcleachtas gairmiúil féin. Tá roinnt bealaí inar féidir Foireann Tacaíochta Gairmiúil (FTG) a bhunú. I scoileanna níos mó, lena lán MNCnna, d'fhéadfadh go n-oibreodh roinnt foirne go comhuaineach le chéile. I scoileanna níos lú, b'fhéidir gur leor foireann de bheirt nó triúr múinteoirí. I scoileanna an-bheaga, nó i gcúinsí nach bhfuil scoil in ann FTG a bhunú le baill d'fhoireann na scoile amháin, tá samhail sheachtrach ar fáil. Tá tuilleadh treorach ar fáil ó Rannán Ionduchtáin Droichead de chuid Oide.

2.1.4.2 Is próiseas comhoibríoch é tacaíocht a thabhairt do MNC le linn *Droichead* i gcónaí, cé go bhféadfadh róil agus freagrachtaí chomhaltaí FTG a bheith éagsúil i gcomhthéacsanna scoile éagsúla, agus mar sin comhaontaítear iad sula gcuirtear tús le próiseas *Droichead*.

2.1.4.3 Críochnaíonn FTG forbairt ghairmiúil *Droichead* arna soláthar ag Rannán Ionduchtáin Droichead de chuid Oide, agus cuidítear léi ina cuid oibre trí raon tacaíochtaí agus acmhainní a sholáthar lena n-áirítear:

a) Oiliúint tosaigh do gach ball den FTG.

b) Am saor le múinteoir ionadaíochta ionas gur féidir le gach comhalta den FTG freastal ar an gcúrsa oiliúna.

c) Am saor chun tacú leis na gnéithe scoilbhunaithe de *Droichead*.

d) Tacaíocht teileafóin agus ríomhphoist, trína líonra de chomhpháirtithe agus a fhoireann bhuan.

e) Treoracha cuimsitheacha, agus raon teimpléad samplacha.

2.1.4.4 Le linn phróiseas *Droichead*, bíonn roinnt idirghníomhaíochtaí ag MNC leis na comhghleacaithe a bhfuil taithí acu agus atá ag tacú leis an bpróiseas. Comhráite gairmiúla a thugtar orthu seo. Soláthraíonn na comhráite seo deiseanna chun aiseolas neamhfhoirmiúil a mhalartú ar bhonn duine le duine, agus plé a dhéanamh ar shaincheisteanna a thagann chun cinn le linn fhoghlaim agus chleachtas gairmiúil an MNC agus comhairle threorach a chur ar fáil.
Mar mhalairt air sin, d'fhéadfadh comhrá gairmiúil a bheith i bhfoirm cruinnithe socraithe idir an MNC agus ball amháin nó níos mó den FTG.

4. Ba cheart do mhúinteoirí atá ar chonarthaí post roinnte nó ar chonarthaí páirtaimseartha dul i gcomhairle leis na Coinníollacha um Chleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta - Socruithe Idirthréimhseacha 2023/2024 chun treoir a fháil.

2.1.4.5 Is próiseas tábhachtach an fhoghlaim bunaithe ar phunann a chuidíonn leis an MNC páirt a ghlacadh sna comhráite gairmiúla. Úsáideann an Chomhairle an téarma Taisce chun tagairt a dhéanamh don phróiseas foghlama bunaithe ar phunann. Cuireann an próiseas foghlamtha bunaithe ar phunann ar chumas an MNC machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim ghairmiúil ar bhealach atá oiriúnach dóibh féin agus réimsí a thabhairt chun suntais a bhféadfadh gá a bheith acu le cúnamh nó le comhairle breise ina leith agus pleanáil a dhéanamh dá réir. Tá sonraí breise faoin bpróiseas sin ar fáil sa ríomhleabhar Droichead ar na leathanaigh ar láithreán gréasáin na Comhairle a bhaineann le Droichead. Tá treoir phraiticiúil faoin bpróiseas seo ar fáil do MNCnna agus don FTG ón Rannán Ionduchtáin Droichead de chuid Oide.

2.1.4.6 Is príomhghné freisin, de *Droichead* iad breathnóireacht. Áiríonn sé seo breathnóireacht an MNC ar chleachtas múinteoirí a bhfuil níos mó taithí acu, chomh maith le breathnóireacht ar chleachtas an MNC ag an FTG. Socraítear an dá chineál breathnóireachta roimh ré, agus cuireann siad deiseanna ar fáil do MNCnna chun foghlaim óna gcomhghairmithe. Ba chóir go ndíreodh tuairimí an FTG ar chleachtas an MNC ar réimsí ina mbraitheann an MNC go bhfuil comhairle, cúnamh agus tacaíocht ar leith de dhíth orthu. Ba chóir, mar sin, an MNC a spreagadh chun múineadh i réimse ina mbraitheann siad gur mó a riachtanas foghlama. Is féidir leis seo an bonn a sholáthar do chomhrá gairmiúil ina dhiaidh sin. Moltar go mbeadh ar a laghad dhá cheann de gach cineál breathnóireachta ranga (breathnóireachtaí an MNC, agus breathnóireachtaí ar chleachtas an MNC), agus go mbeadh an líon cruinn, agus na ranganna a breathnaíodh, bunaithe ar phlé idir an MNC agus an FTG).

2.1.4.7 Spreagtar MNC agus FTG gach deis a thapú chun saincheisteanna agus dúshláin a phlé de réir mar a thagann siad chun cinn agus iad ag cuimhneamh ar "Is comhartha láidreachta é cabhair a iarraidh." Tairgeann FTG réimse tacaíochtaí a chuireann ar chumas MNCnna aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin agus foghlaim uathu. Tá tacaíocht, comhairle agus treoir bhreise ar fáil ó Rannán Ionduchtaithe Droichead de chuid Oide trína seirbhís tacaíochta scoile, agus d'fhéadfadh go mbeadh luach ag baint le roinnt ama breise chun é seo a éascú. Dá chuimsithí an tacaíocht a chuirtear ar fáil, agus dá mhó an méid rannpháirtíochta oscailte ag na ndaoine atá páirteach, is amhlaidh is fearr don MNC.

### *2.1.5 Gníomhaíochtaí breise foghlama gairmiúla (Snáithe B)*

2.1.5.1 Chun cur leis an snáithe ionduchtaithe scoilbhunaithe mar atá leagtha síos thuas, glacann MNCnna páirt sna gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise seo a leanas mar chuid de phróiseas *Droichead:*

2.1.5.2 Cnuaschruinnithe MNC agus Gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla eile: Freastalaíonn MNCnna ar chnuaschruinniú amháin in aghaidh an téarma, in ionad oideachais áitiúil. Déanann Comhaltaí Ionduchtaithe Droichead na cruinnithe a éascú agus i gcomhar le grúpa MNCnna. Déantar clár oibre an chruinnithe a leagan amach i gcomhar leis na MNCnna agus d'fhéadfadh go mbeadh plé á dhéanamh ar ghnéithe tábhachtacha de *Droichead* mar shampla an próiseas breathnóireachta, comhráite gairmiúla, Taisce, srl.

2.1.5.3 Ba cheart don mhúinteoir nuacháilithe tabhairt faoi bheart foghlama gairmiúil amháin eile, arna shonrú i gcomhairle leis an FTG ag an múinteoir nuacháilithe féin de réir na riachtanas foghlama gairmiúla. Is gnáthghníomhaíochtaí foghlama iad, mar shampla, páirt a ghlacadh i gceardlann, cruinniú de Ghréasáin Ghairmiúla Múinteoireachta (comhcheangal ábhair), gníomhaíocht ar líne/gníomhaíocht foghlama cumaisc, freastal ar chomhdháil, Féilte, srl.

### *2.1.6 Caighdeáin chun próiseas Droichead a threorú agus chun tacú leis*

2.1.6.1 Tá caighdeáin leagtha síos ag an gComhairle mar bhonn treise faoi phróiseas *Droichead*, mar threoir don MNC, in éineacht leis an FTG, i ndáil leis an bhfoghlaim agus leis an gcleachtadh gairmiúil. Tá siad seo leagtha amach in Aguisín 4. Déantar cíoradh níos mó ar chaighdeáin phróiseas *Droichead* agus ar shamplaí i gcomhthéacs na scoile mar chuid den fhorbairt ghairmiúil do chomhaltaí an FTG, arna chur ar fáil ag an Rannán Ionduchtaithe Droichead de chuid Oide.

### *2.1.7 Taifid maidir leis an bpróiseas Droichead a choimeád*

2.1.7.1 Déanann an FTG plean imlíneach maidir le próiseas *Droichead* a leagan amach, i gcomhairle leis an MNC. Go hidéalach, tabharfaidh an MNC faoi phróiseas *Droichead* ar feadh tréimhse níos faide ná an t-íostréimhse a shonraítear, nuair a cheadaíonn a dtréimhse fostaíochta amhlaidh. Soláthróidh Rannán Ionduchtáin Droichead de chuid Oide teimpléid le haghaidh sracphlean *Droichead* agus an phróisis bhreathnaithe, chomh maith le treoir maidir le húsáid na dteimpléad sin. Chun próiseas dearbhaithe cáilíochta na Comhairle a éascú, iarrtar ar scoileanna taifid atá cruthaithe acu a choinneáil chun tacú le próiseas *Droichead* i gcomhréir lena mbeartas um chosaint sonraí.

2.1.7.2 Agus taifid á gcoinneáil aige, ba cheart go mbeadh meas ag an FTG ar phríobháideacht daoine eile agus ar rúndacht na faisnéise a fhaightear le linn an phróisis. Ba cheart dóibh aird a thabhairt freisin ar chúinsí eiticiúla agus cosanta sonraí, ag déanamh sonraí gan ainm nuair is iomchuí agus ag déanamh aon bheart is gá chun rochtain ar fhaisnéis íogair a shrianadh.

2.1.7.3 Sa chás go mbíonn múinteoir nuacháilithe a bhfuil roinnt de phróiseas *Droichead* nó iomlán an phróisis críochnaithe aige nó aici ag fágáil na scoile, ba chóir cóip de na taifid ábhartha i ndáil leis an bpróiseas sin atá ar coimeád sa scoil a thabhairt don mhúinteoir. Ba cheart na cáipéisí agus taifid uile a choinneáil i gcomhréir le riachtanas na Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).

### *2.1.8 An Próiseas Droichead a thabhairt chun críche*

2.1.8.1 Nuair a bhíonn MNC ag druidim le críochnú phróiseas *Droichead,* de réir an chreata ama táscaigh a comhaontaíodh ag tús an phróisis, tarlaíonn comhrá gairmiúil idir an MNC agus an FTG. Áireoidh an comhrá seo freisin go sainaithneoidh an MNC réimsí d'fhoghlaim ghairmiúil amach anseo (le cur san áireamh ar Fhoirm D ar líne).

2.1.8.2 Nuair a bheidh próiseas *Droichead* tugtha chun críche ag MNC agus FTG (ionduchtúchán scoilbhunaithe agus gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise) comhlánaíonn siad Foirm D - *Droichead* ar líne atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Comhairle Múinteoireachta.

2.1.8.3 Nuair a bheidh Foirm D - *Droichead* ar líne comhlánaithe go hiomlán agus curtha faoi bhráid na Comhairle, bainfidh an Chomhairle coinníoll *Droichead* (agus coinníollacha um chleachtadh gairmiúil Iarcháilíochta eile) de chlárú an mhúinteora. Ní mór na coinníollacha go léir a chomhlíonadh chun an múinteoir a bheith cláraithe go hiomlán.

### *2.1.9 Comhsheasmhacht agus dearbhú cáilíochta*

2.1.9.1 Tá líon meicníochtaí i bhfeidhm chun cáilíocht agus comhsheasmhacht phróiseas *Droichead* go náisiúnta a chinntiú:

a) Cuireann an Rannán Ionduchtáin *Droichead* de chuid Oide cúnamh taca ar fáil do scoileanna ina bhfuil Droichead ar fáil agus ina bhfostaítear MNC.

b) Bunaíonn an Chomhairle painéil um Dhearbhú Cáilíochta *Droichead* (DQA), ar a bhfuil cathaoirleach neamhspleách, múinteoir ag cleachtadh a g(h)airme ón earnáil ábhartha agus duine a bhfuil saineolas aige/aici ar thacaíocht agus/nó meastóireacht a dhéanamh ar theagasc agus ar fhoghlaim ag leibhéal na scoile. Tugann an painéal DQA cuairt ar shampla randamach de na scoileanna inar tharla próiseas Droichead agus pléann sé/sí an próiseas leis an FTG agus leis an MNC. Socraítear cuairteanna dá leithéid roimh ré agus tarlaíonn siad i spiorad na comhghleacaíochta agus an chomhoibrithe. Tar éis a athbhreithnithe, cuireann an painéal DQA tuarascáil gan ainm faoi bhráid na Comhairle ina leagtar amach a thorthaí agus a moltaí maidir leis an bpróiseas. Déanann an Chomhairle an tuarascáil a mheas agus, tar éis daingnithe, foilsítear í ar shuíomh gréasáin na Comhairle agus scaiptear í ar Rannán Ionduchtaithe Droichead de chuid Oide agus ar an gCigireacht.

c) Mar dhuine de cheannaire ar an bhfoghlaim sa scoil, cé nach gá go mbíonn baint ag an bpríomhoide le próiseas *Droichead*, cothaíonn sé cultúr foghlama inar féidir le *Droichead* bláthú, agus tacaíonn sé le FTG próiseas ionduchtaithe ardchaighdeáin a éascú.

d) Is cuid den fhorbairt ghairmiúil do chomhaltaí an FTG, cnuaschruinnithe comh maith le, plé ar chaighdeáin dea-chleachtais agus táscairí dea-chleachtais atá ina lón treorach maidir le próiseas *Droichead* agus le bonn treise a chur faoin bpróiseas sin.

e) Tá próiseas athbhreithnithe i bhfeidhm inar mian le MNCnna nó FTG ábhair imní a ardú faoi ghnéithe de phróiseas *Droichead*. Áirítear leis an bpróiseas seo céim neamhfhoirmiúil, ag leibhéal na scoile, agus céim níos foirmeálta ag leibhéal Rannán Ionduchtáin Droichead de chuid Oide. Is féidir dá réir sin ceisteanna gan réiteach a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, trína painéal um Dhearbhú Cáilíochta *Droichead.*

### *2.1.10 Treoir bhreise*

Rachaidh an Chomhairle i dteagmháil leis an Roinn Oideachais (RO) agus lena gníomhaireachtaí maidir le cur i bhfeidhm *Droichead*, agus lena chinntiú go bhfuil sé comhsheasmhach leis na beartais ghinearálta a chinnfidh an tAire ó am go chéile. Áireofar leis sin treoir a fhorbairt don aistriú go beartas *Droichead.* Le haghaidh tuilleadh eolais ar Shocruithe Idirthréimhseacha féach le do thoil ar Chuid 4.

# 3 Iar-Phróisis Thraidisiúnta

## Próisis thraidisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar choinníollacha maidir le cleachtadh gairmiúil iarcháilíochta

Promhadh (Bunscoil)
Fostaíocht Iarcháilíochta (FI) (Iar-bhunscoil)
Clár Ceardlainne Ionduchtaithe (Bunscoil & Iar-bhunscoil)

## 3.1 Iar-Nósanna imeachta agus iar-chritéir maidir le promhadh (bunscoil)

***Réamhrá***

Ó Mheán Fómhair 2020 is é *Droichead* an t-aon bhealach ionduchtaithe do gach MNCnna bunscoile. Níl próiseas traidisiúnta an Phromhaidh ar fáil a thuilleadh. Féach Aguisín 5 le do thoil chun faisnéis a fháil faoin rogha leagáide seo.

### *3.1.1 Riachtanas Seirbhíse*

3.1.1.1 I gcás múinteoirí a bhí fostaithe i scoileanna aitheanta roimh an 1 Meán Fómhair 2010 agus a bhfuil gá acu le fianaise ar a gcuid seirbhíse le cur faoi bhráid na Comhairle, cuirfidh an Roinn Oideachais agus Scileanna tuairisc ar a gcuid seirbhíse anuas go dtí an 31 Lúnasa 2010 ar fáil dóibh.

### *3.1.2 Múinteoirí a probháidíodh roimhe seo i suíomh srianta*

3.1.2.1 D'fhéadfadh múinteoirí a cláraíodh faoi Rialachán a Dó/Bealach 1 (Bunscoil), a probháidíodh roimhe seo nó a chomhlánaigh *Droichead* (roimh Mheán Fómhair 2016) i suíomh srianta, a bheith incháilithe le cur isteach ar lánchlárú san earnáil sin má chomhlíontar na riachtanais a leagtar amach sa rannán seo.

3.1.2.2 Tháinig an polasaí seo i bhfeidhm ón 1 Meán Fómhair 2016.

3.1.2.3 Chun a bheith incháilithe:

a) ní mór don mhúinteoir a bheith cláraithe faoi Rialachán a Dó / Bealach 1 (Bunscoil) de Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta [Clárú] agus cláraithe faoi Alt 31(5) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta.

b) is gá gurb é na t-aon choinníollacha atá fágtha ar chlárú an mhúinteora ná Promhadh/*Droichead* i suíomh príomhshrutha.

c) tá/bhí an múinteoir ag obair i suíomh oideachais speisialta agus ag tabhairt faoi róil mhúinteoireachta a chomhlíonann na critéir agus an riachtanas seirbhíse thíos.

3.1.2.4 Ní mór na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

a) Tá/bhí an curaclam bunscoile iomlán atá athraithe de réir na dtreoirlínte mar a leagtar amach iad ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), á mhúineadh ag an múinteoir.

b) Tá/bhí an múinteoir ag múineadh ranga le híosmhéid de sheisear dalta ar bhonn lánaimseartha don lá ar fad.

c) Tá/bhí an múinteoir freagrach go hiomlán as foghlaim na ndaltaí agus tá freagrachtaí aige/aici atá inchomparáide leo siúd de mhúinteoir ranga príomhshrutha.

3.1.2.5 Ní mór don mhúinteoir na riachtanais seirbhíse a leagtar amach thíos a chomhlíonadh:

a) Is gá seirbhís mhúinteoireachta nach bhfuil níos lú ná 50 lá as a chéile sa rang céanna a chomhlíonann na critéir

b) Ní mór don seirbhís seo a bheith i dteannta aon riachtanais seirbhíse do Phromhadh/*Droichead*

c) Tabhair faoi deara go bhfuil seirbhís mhúinteoireachta i suíomh príomhshrutha inghlactha chomh maith.

## 3.2 Nósanna imeachta agus critéir maidir le fostaíocht iarcháilíochta (iar- bhunscoile)

***Réamhrá***

Do mhúinteoirí iar-bhunscoile a cláraíodh roimh an 1 Meitheamh 2020 d'fhéadfadh fostaíocht iarcháilíochta (FIC) a bheith ina rogha i gcúinsí teoranta áirithe mar atá leagtha amach sna Socruithe Idirthréimhseacha Coinníollacha um Chleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta 2023/2024. I gcás gach cúinse eile agus múinteoirí a chláraigh an 1 Meitheamh 2020 nó ina dhiaidh, is é *Droichead* an t-aon bhealach ionduchtaithe.

Déan tagairt don cháipéis faoi na Coinníollacha maidir le Socruithe Idirthréimhseacha Coinníollacha um Chleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta 2023/2024 chun sonraí a fháil ar na cúinsí teoranta agus na roghanna féideartha do mhúinteoirí a chuir tús leis an FIC roimh an 31 Lúnasa 2020 ach nach bhfuil an próiseas críochnaithe acu.

### *3.2.1 An coinníoll clárúcháin maidir le fostaíocht iarcháilíochta (FIC)*

3.2.1.1 Ó Mheán Fómhair 2020 ní mór do gach múinteoir atá ag obair in iar-bhunscoileanna agus a chomhlíonann an riachtanas uaireanta seirbhíse leas a bhaint as próiseas *Droichead* chun lánchlárú a fháil leis an gComhairle. Ní mór do MNCnna sna scoileanna sin a bhfuil conradh acu a chuireann ar a gcumas *Droichead* a chur i gcrích, leas a bhaint as próiseas *Droichead* (féach 1.2.5 agus 2.1.3).

3.2.1.2 Féadfaidh múinteoirí a cláraíodh roimh 1 Meitheamh 2020 ar a bhfuil an coinníoll maidir le FIC, i gcúinsí eisceachtúla, an próiseas traidisiúnta FIC a thabhairt chun críche. I gcásanna den sórt sin tá feidhm ag na nósanna imeachta agus na critéir seo. Tabharfaidh na Socruithe Idirthréimhseacha tuilleadh sonraí ar na cúinsí eisceachtúla.

3.2.1.3 Féadfaidh múinteoir iar-bhunscoile FIC a chomhlánú nuair a bhíonn sé/sí fostaithe i suíomh incháilithe nuair nach bhfuil an t-íosriachtanas seirbhíse a theastaíonn chun *Droichead* a chríochnú á chomhlíonadh agus sa chás go bhfuil feidhm ag 3.2.1.2 thuas.

3.2.1.4 Go ginearálta, ceadaítear tréimhse trí bliana ó dháta an chláraithe tosaigh ina gcaithfidh múinteoir an riachtanas seo a chomhlíonadh. I gcúinsí eisceachtúla, féadfaidh múinteoir iarratas a dhéanamh chuig an gComhairle ag iarraidh na tréimhse trí bliana a bheith sínte. Tabhair do d'aire, le do thoil, go rachaidh an clárúchán in éag mura gcomhlíontar an ceanglas FIC laistigh den fhráma ama sonraithe mura bhfuil síneadh ama tugtha.

### *3.2.2 Riachtanas seirbhíse*

3.2.2.1 Chun an coinníoll maidir le FIC a shásamh, ní mór d'iarratasóirí fianaise a sholáthar ar 300 uair an chloig d'fhostaíocht shásúil múinteoireachta in iar-bhunscoil aitheanta nó in Ionad Oideachais ina bhfuil ábhar curaclaim iar-bhunscoile á mhúineadh.

3.2.2.2 Ní mór ar a laghad dhá thrian (200 uair an chloig) den fhostaíocht cheadaithe a chaitheamh i mbun ábha(i)r de chuid an churaclaim iar-bhunscoile nó gairmthreoir a mhúineadh do rang ainmnithe daltaí ar thráthchlár na scoile.

3.2.2.3 Is féidir suas le haon trian (100 uair an chloig) den taithí ceadaithe a dhéanamh i róil teagaisc san oideachas speisialta[5] nó i mbun bearta múinteoireachta eile atá ar an tráthchlár. Is féidir an mhúinteoireacht ar ábhair taobh amuigh den chuid a ndéanann an Coimisiún um Scrúduithe Stáit iad a scrúdú in Éirinn (e.g., ábhair de chuid an DCCE nó City & Guilds, srl.) a chur san áireamh i dtreo an riachtanais 100 uair an chloig.

3.2.2.4 Sa chás nach gcomhlíonann cineál na seirbhíse na ceanglais atá leagtha amach thuas, tugadh isteach roinnt bearta breise chun solúbthacht bhreise a sholáthar. Ní mór an tseirbhís a thairiscint laistigh de scoil/coláiste/ionad oideachais aitheanta.

a) Is féidir 300 uair a chloig san iomlán a dhéanamh ag teagasc aon chláir chreidiúnaithe do dhaoine 12-18 mbliana d'aois e.g. QQI, City and Guilds, ITEC.

b) Is féidir 300 uair a chloig san iomlán a dhéanamh ag múineadh aon ábhar curaclaim iar-bhunscoile mar ullmhúchán do scrúdú stáit na hardteistiméireachta go dtí an aoisraon 18+.

c) Is féidir 600 uair an chloig san iomlán a dhéanamh ag múineadh aon chlár (cláir) creidiúnaithe ar an gcreat do dhaltaí ar aois ar bith e.g. DCCE, City and Guilds, ITEC. Ní mór do mhúinteoirí dá leithéid clárúchán a bheith acu faoi choinníoll an FIC ar feadh tréimhse trí bliana nó níos mó.

d) Is féidir 500 uair an chloig san iomlán a dhéanamh ag múineadh aon chlár (cláir) creidiúnaithe ar an gcreat do dhaltaí ar aois ar bith e.g. DCCE, City and Guilds, ITEC. Ina theannta sin, is féidir leis an múinteoir 100 uair an chloig de ghairmthreoir a mhúineadh do dhaoine fásta. Ní mór do mhúinteoirí dá leithéid clárúchán a bheith acu faoi choinníoll an FIC ar feadh tréimhse trí bliana nó níos mó.

e) Is féidir 300 uair an chloig san iomlán den churaclam bunscoile ar fad maidir le Ceol, Corpoideachas nó Ealaín a mhúineadh i mbunscoil aitheanta. I gcásanna mar sin, ní mór raon na ngníomhaíochtaí riachtanacha a chlúdach.

3.2.2.5 Is í fostaíocht íoctha mar mhúinteoir cáilithe i gcáil bhuan, shealadach nó ionadach an t-aon chineál fostaíochta atá inghlactha chun críocha an riachtanas seo a chomhlíonadh. Níl seirbhís dheonach inghlactha (féach Cuid 1.5 le do shoiléiriú breise).

### *3.2.3 An próiseas maidir le Fostaíocht Iarcháilíochta a thabhairt chun críche*

3.2.3.1 Ar chríochnú 300 uair an chloig d'fhostaíocht mhúinteoireachta dó/di, ba chóir d'iarratasóirí Foirm B a chomhlánú, í a bheith fíoraithe agus sínithe agus stampáilte ag príomhoide na scoile agus í a sheoladh ar ais chuig an gComhairle.

3.2.3.2 Sa chás go dtarlaíonn fostaíocht múinteoireachta (mar mhúinteoir lánchháilithe) i dhá scoil nó níos mó, ní mór don mhúinteoir foirm faoi leith a chur ar fáil i ndáil le gach aon scoil acu. Is féidir an tseirbhís múinteoireachta i scoileanna éagsúla a áireamh le chéile i ndáil leis an tairseach 300 uair an chloig ach foirmeacha éagsúla a líonadh isteach (foirm amháin in aghaidh na scoile).

3.2.3.3 Is féidir Foirm B a líonadh isteach i ndáil le scoil dara leibhéal iar-bhunscoile le haitheantas an stáit i dtír ar bith.

D'fhéadfadh go n-iarrfaí fianaise bhreise i dtaca leis sin. Is faoin gComhairle é a dheimhniú más leor an fhianaise a chuirtear ar fáil chun díolúine a thabhairt maidir le riachtanas an FIC in Éirinn.

3.2.3.4 Déanfaidh an Chomhairle ansin an coinníoll clárúcháin maidir le próiseas an FIC a ghlanadh, ar Fhoirm B líonta go hiomlán a fháil.

3.2.3.5 Tá Foirm B ar fáil le híoslódáil ón tairseach Logáil Isteach/Mo Chlárúchán ar **www.teachingcouncil.ie.**

### *3.2.4 Eolas Breise*

3.2.4.1 Is faoin múinteoir cláraithe post a aimsiú lena sásaítear na riachtanais a ghabhann leis an bpróiseas FIC.

5. Ciorclán 0021/2022 na Roinne Oideachais agus Scileanna

## 3.3 Nósanna imeachta agus critéir maidir leis an gClár Ceardlainne Ionduchtaithe

***Réamhrá***

Ní mór do mhúinteoirí, a bhfuil Promhadh nó Fostaíocht Iarcáilíochta (FIC) curtha i gcrích acu roimhe seo nó a bhfuil na Ceardlanna Ionduchtúcháin fós le réiteach acu ar a gclárúchán, an Clár Ceardlainne Ionduchtaithe atá leagtha amach in 3.3.1.4 a chur i gcrích

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach mór do mhúinteoirí atá cláraithe ar an 1 Meitheamh 2020 nó i ndiaidh an dáta sin an próiseas *Droichead* a chur i gcrích agus ní bheidh tionchar ag an gClár Ceardlainne Ionduchtaithe a chur i gcrích ar an gclárúchán. Mar sin féin, d'fhéadfaidís rogha a dhéanamh an clár a chríochnú chun críocha forbartha gairmiúla leanúnaí (CPD).

### *3.3.1 An Clár Ceardlainne Ionduchtaithe (bunscoil agus iar-bhunscoil)*

3.3.1.1 Is clár solúbtha d'fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí é an Clár Ceardlainne Ionduchtaithe a tharlaíonn ag tús ghairm bheatha an mhúinteora, go luath tar éis dó/di cáiliú mar mhúinteoir de ghnáth. Is é an aidhm atá leis ná tacaíocht chórasach ghairmiúil agus phearsanta a thairiscint don mhúinteoir de réir mar a leanann sé/sí ag forbairt mar fhoghlaimeoir ar feadh an tsaoil.

3.3.1.2 Ó Mheán Fómhair 2012, éilítear ar mhúinteoirí an Clár Ceardlainne IIonduchtaithe a chríochnú má tá siad ag dul faoi na próisis phromhaidh nó FIC. Ina theannta sin, ceanglaítear ar gach múinteoir eile a dhéanann iarratas ar chlárú faoi Rialachán a Dó/Bealach 1 (Bunscoil), Rialachán a Trí/Bealach 4 (Eile) nó Rialachán a Ceathair /Bealach 2 (Iar-bhunscoil)[6] an Clár Ceardlainne Ionduchtaithe a chur i gcrích sa chás nach ndearna siad roimhe seo:

a) na riachtanais phromhaidh (bunscoil) roimh an 02 Iúil 2012 a shásamh

b) na riachtanais FIC (iar-bunscoil) roimh an 02 Iúil 2012 a shásamh, nó

c) go ndearna siad clár ionduchtúcháin aitheanta agus inchomparáide i dtír eile.

3.3.1.3 Éilítear ar mhúinteoirí clár ceardlainne ionduchtaithe a chur i gcrích lena mbaineann 20 uair an chloig d'fhoghlaim ghairmiúil taobh istigh de thrí bliana ó dháta an chlárúcháin tosaigh.

3.3.1.4 D'fhéadfadh múinteoirí rogha a dhéanamh idir dhá rogha. Rogha A - is féidir leo roghnú idir réimse ceardlann ar líne atá ar fáil ar ardán foghlama ar líne an Chláir Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (CNIM) ag **https://onlinelearning.teacherinduction.ie.** Mar mhalairt air sin le comhaontú ón scoil, d'fhéadfaidís Rogha B a roghnú agus 14 uair an chloig de cheardlanna ar líne a chur i gcrích chomh maith le 6 uair an chloig d'fhoghlaim scoilbhunaithe a bhfuil tacaíocht faighte ó mheantóir oilte an CNIM / comhalta an FTG.

| | **ROGHA A** | **ROGHA B** |
|---|---|---|
| | **Gan Meantóireacht Scoilbhunaithe ar bith ó Mheantóir Oilte Chlár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí** | **Ag baint leasa as Meantóireachta Scoilbhunaithe le Meantóir oilte CNIM** |
| Ceardlanna* | 20 uair an chloig ar a laghad | Íosmhéid de 14 uair a chloig |
| Foghlaim Scoilbhunaithe Ináirithe** | N/B | Uasmhéid de 6 uair a chloig |

*Déantar ceardlanna a éascú faoi láthair trí ardán foghlama ar líne Rannán Ionduchtaithe Droichead https://onlinelearning.teacherinduction.ie

** Is gá go mbeadh meantóir oilte/ball FTG a bheith ag an scoil.

6. Féach Aguisín 7.

3.3.1.5 Seoltar sonraí na múinteoirí sin a bhfuil an Clár Ceardlainne Ionduchtaithe críochnaithe acu go díreach chuig an gComhairle Mhúinteoireachta ag amanna éagsúla le linn na bliana. Ansin baineann an Chomhairle an coinníoll clárúcháin den Chlár Ceardlainne Ionduchtaithe.

3.3.1.6 Comhordaíonn Rannán Ionduchtaithe Droichead de chuid Oide Clár na gCeardlann Ionduchtaithe agus tá tuilleadh sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin **onlinelearning.teacherinduction.ie**

3.3.1.7 Ba chóir do mhúinteoirí a bhfuil an Clár Ceardlainne Ionduchtaithe críochnaithe go páirteach nó go hiomlán críochnaithe acu dul i gcomhairle leis na Socruithe Idirthréimhseacha féachaint an bhfuil díolúintí i gceist.

# 4 *Droichead* agus gluaiseacht idir scoileanna

4.1 Mar gheall ar nádúr na fostaíochta ag múinteoirí i rith na mblianta tosaigh den tslí ghairme, glactar leis go mbeidh múinteoirí ag gluaiseacht idir scoileanna.

Tá socruithe idirthréimhseacha 2023/2024 foilsithe ar shuíomh gréasáin na Comhairle d'fhonn treoir a thabhairt do mhúinteoirí a chuir tús roimh an scoilbhliain reatha lena gcuid coinníollacha maidir le cleachtadh gairmiúil iarcháilíochta a chomhlíonadh. Leis na socruithe seo, tacófar freisin le múinteoirí nuair atá siad ag gluaiseacht idir scoileanna.

Is féidir ceisteanna agus soiléiriú maidir le clárúchán le coinníollacha a sheoladh ar ríomhphost go díreach chuig an gComhairle ag **conditions@teachingcouncil.ie.**

# 5 Sonraí teagmhála

| CINEÁL AN FHIOSRÚCHÁIN | TEAGMHÁIL |
|---|---|
| Múinteoirí atá ag cur iarratas isteach chun tús a chur leis an bpróiseas *Droichead* | Déan iarratas tríd an gcuid Logáil Isteach / Mo Chlárúchán ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta<br>g: +353 (0)1 651 7900<br>ríomhphost: **conditions@teachingcouncil.ie**<br>s: **www.teachingcouncil.ie** |
| Scoileanna ar mian leo páirt a ghlacadh sa phróiseas *Droichead* | Tá sonraí ar fáil ó Rannán Ionduchtaithe Droichead de chuid Oide mar seo a leanas:<br>g: +353 (01) 452 8020<br>ríomhphost: **droicheadinduction@oide.ie**<br>s: **www.oide.ie** |
| Múinteoirí atá ag iarraidh na Cnuaschruinnithe don phróiseas *Droichead* a chur i gcrích | Ní mór do mhúinteoirí clárú le hIonad Oideachais Dhún na nGall tríd an nasc seo a leanas: **https://oide-droichead.com/**<br>Gheobhaidh MNCnna dátaí agus amanna sonracha do Chnuaschruinniú 1 ar shuíomh Gréasáin an ionaid tacaíochta oideachais a roghnaíonn siad.<br>Beidh dátaí agus amanna sonracha do Chnuaschruinnithe 2 agus 3 ar líne ar fáil ar **https://oide-droichead.com/** i dTéarmaí 2 agus 3. |
| Múinteoirí atá ag iarraidh na Ceardlanna Ionduchtúcháin ar líne a dhéanamh | Níl Ceardlanna Ionduchtaithe, ar éascaíodh iad roimhe seo i gcomhar le líonra Ionad Tacaíochta Oideachais na hÉireann (ITOE), ar fáil ar líne anois ach amháin trí ardán foghlama ar líne Rannán Ionduchtaithe Droichead de chuid Oide **https://onlinelearning.teacherinduction.ie** |
| Ceisteanna maidir leis an gCeardlann Ionduchtúcháin, *Droichead* agus Cnuaschruinnithe | Oide Rannán Ionduchtaithe Droichead<br>g: +353 (01) 452 8020<br>ríomhphost: **droicheadinduction@oide.ie**<br>s: **www.oide.ie** |
| Clárúchán múinteoirí agus ceisteanna maidir le Coinníollacha | An Chomhairle Mhúinteoireachta<br>g: +353 (0)1 651 7900<br>ríomhphost: **info@teachingcouncil.ie / conditions@teachingcouncil.ie**<br>s: **www.teachingcouncil.ie**<br>Logáil isteach féinseirbhíse trí dul chuig Logáil Isteach / Mo Chlárúchán ar leathanach baile na Comhairle |

# Aguisín 1
# Sceideal don Chéim Fáis maidir le *Droichead*

Ó 2020/2021 i leith is é *Droichead* an t-aon bhealach ionduchtaithe do gach MNCnna

Tá an sceideal don chéim fáis maidir le *Droichead* ón mbliain 2016 go 2021 leagtha amach thíos:

<table>
<tr><th>BUNSCOILEANNA</th><th colspan="2">SCEIDEAL DON CHÉIM FÁIS</th></tr>
<tr><td>2016/2017</td><td>Is é Droichead an bealach ionduchtaithe do Mhúinteoirí Nuacháilithe (MNCnna) i Suíomhanna Riachtanas Speisialta Oideachais</td><td rowspan="5">Is féidir le scoileanna in aon chatagóir roghnú páirt a ghlacadh sa phróiseas Droichead in aon cheann de na blianta sin, más mian leo sin a dhéanamh roimh na dátaí atá leagtha amach thall.</td></tr>
<tr><td>2017/2018</td><td>Is é Droichead an bealach ionduchtaithe do Mhúinteoirí Nuacháilithe (MNCnna) i suíomhanna Riachtanas Oideachais Speisialta nó i mbunscoileanna móra ina bhfuil príomhoide agus 24 múinteoir príomhshrutha nó níos mó</td></tr>
<tr><td>2018/2019</td><td>Is é Droichead an bealach ionduchtaithe do Mhúinteoirí Nuacháilithe (MNCnna) i suíomhanna Riachtanas Oideachais Speisialta agus i mbunscoileanna móra ina bhfuil 16 mhúinteoir príomhshrutha nó níos mó</td></tr>
<tr><td>2019/2020</td><td>Is é Droichead an bealach ionduchtaithe do Mhúinteoirí Nuacháilithe (MNCnna) i Suíomhanna Riachtanas Speisialta Oideachais agus i ngach bunscoil a bhfuil príomhoidí riaracháin iontu</td></tr>
<tr><td>2020/2021</td><td>Is é Droichead an bealach ionduchtaithe do gach Múinteoir Nuacháilithe (MNCnna) bunscoile</td></tr>
</table>

<table>
<tr><th>IARBHUNSCOILEANNA</th><th colspan="2">SCEIDEAL DON CHÉIM FÁIS</th></tr>
<tr><td>2016/2017</td><td>Is é Droichead an bealach ionduchtaithe do Mhúinteoirí Nuacháilithe (MNCnna) i Suíomhanna Riachtanas Speisialta Oideachais</td><td rowspan="5">Beidh scoileanna i ngach catagóir in ann roghnú páirt a ghlacadh sa phróiseas Droichead in aon cheann de na blianta sin, más mian leo sin a dhéanamh roimh na dátaí atá leagtha amach thall.</td></tr>
<tr><td>2017/2018</td><td>Is é Droichead an bealach ionduchtaithe do Mhúinteoirí Nuacháilithe (MNCnna) i suíomhanna Riachtanas Oideachais Speisialta nó in iar-bhunscoileanna móra ina bhfuil 700 dalta nó níos mó iontu</td></tr>
<tr><td>2018/2019</td><td>Is é Droichead an bealach ionduchtaithe do Mhúinteoirí Nuacháilithe (MNCnna) i suíomhanna Riachtanas Oideachais Speisialta agus i iarbhunscoileanna móra ina bhfuil 400 dalta nó níos mó iontu</td></tr>
<tr><td>2019/2020</td><td>Is é Droichead an bealach ionduchtaithe do Mhúinteoirí Nuacháilithe (MNCnna) i suíomhanna Riachtanas Oideachais Speisialta agus in iarbhunscoileanna ina bhfuil 200 dalta nó níos mó iontu</td></tr>
<tr><td>2020/2021</td><td>Is é Droichead an modh ionduchtaithe do gach Múinteoir Nuacháilithe (MNC) iar-bhunscoile</td></tr>
</table>

# Aguisín 2
## *Droichead*: Treoir Mhear (Bunscoil agus Iar-Bhunscoil)

Ó Mheán Fómhair 2020, is é an próiseas *Droichead* an t-aon bhealach ionduchtaithe a bheidh ann do gach MNC bunscoile agus iar-bhunscoile.

## *Droichead*: Treoir Mhear

COSÁN
DROICHEAD
ITE

### Bunscoil

**Ó Mheán Fómhair 2020, is é an próiseas Droichead an t-aon bhealach ionduchtaithe a bheidh ann do gach MNC bunscoile.**

| DROICHEAD: AN CREAT COMHTHÁITE IONDUCHTAITHE GAIRMIÚIL |
|---|
| Conradh/tairiscint fostaíochta de 60 lá ar a laghad i ndiaidh a chéile i suíomh incháilithe |
| **Conas Cur Isteach ar Phróiseas Droichead agus é a Chríochnú** |
| 1) Déan iarratas trí limistéar tairsí na Comhairle Múinteoireachta ar www.teachingcouncil.ie. Roghnaigh "Logáil isteach / Mo Chlárúchán" ansin "Mo Choinníollacha" agus ansin cliceáil ar an rogha "Féach ar Shonraí" ar do choinníoll *Droichead* |
| 2) Glac páirt sa phróiseas<br>*Droichead*: Snáithe A: Ionduchtú<br>Scoilbhunaithe<br>- Tacaithe ag Foireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG)<br>AGUS<br>Snáithe B: Gníomhaíochtaí Foghlama Gairmiúla Breise<br>- Freastail ar chnuaschruinniú MNC amháin in aghaidh an téarma (féach ar Nóta 9 thíos)<br>- Tabhair faoi Gníomhaíocht Foghlama Gairmiúla amháin eile ar a laghad a roghnaítear i gcomhairle leis an FTG |
| 3) Comhlánaigh an Fhoirm D ar líne de chuid *Droichead* ar thairseach na Comhairle Múinteoireachta chun an próiseas a thabhairt chun críche. Roghnaigh "Logáil isteach / Mo Chlárúchán" ansin "Mo Choinníollacha" agus ansin cliceáil ar an rogha "Féach ar Shonraí" ar do choinníoll *Droichead*. Cliceáil ar an rogha chun d'Fhoirm D de chuid *Droichead* a chomhlánú |

### Pointí le Tabhairt Faoi Deara

1. Sular gcuireann tú iarratas isteach ar an bpróiseas *Droichead*, ní mór duit na nithe seo a leanas a dhéanamh;
   i) a dhearbhú go bhfuil tú i timpeallacht incháilithe agus go gcomhlíonann tú an íostréimhse le haghaidh an phróisis.
   ii) a dhearbhú go bhfuil do scoil sásta an bealach a réiteach duit tríd an bpróiseas trí Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG) a shannadh duit a n-oibreoidh i gcomhar leat d'fhonn tacú leat agus meantóireacht a dhéanamh ort le linn do phróiseas ionduchtúcháin.
   iii) Alt 2 den doiciméad Nósanna Imeachta agus Critéir Iarcháilíochta a léamh agus a thuiscint ionas go mbeidh tú go hiomlán ar an eolas faoin bpróiseas *Droichead* agus faoin méid is gá duit a dhéanamh chun é a chur i gcrích. Is féidir teacht ar an gcáipéis sin faoi "Fhoilseacháin" ag www.teachingcouncil.ie
2. Maidir le d'Fhoireann Tacaíochta Ghairmiúil (FTG), ní mór go mbeadh ar a laghad de bheirt mhúinteoirí a chríochnaigh ar a laghad dhá lá oiliúna FTG sular féidir leo tús a chur leis an bpróiseas a bhfuil tú.
3. Ní féidir críoch a chuir le do phróiseas *Droichead* ach amháin nuair a bheidh gach ball de do FTG ceithre lá dá gcuid oiliúna FTG a chríochnú.
4. Má tá breis eolais uait faoi phostroinnt nó faoi chonarthaí páirtaimseartha féach le do thoil ar Shocruithe Eatramhacha i dtaca le Coinníollacha maidir le Cleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta atá le fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle.
5. Tar éis iarratas a dhéanamh ar *Droichead* gheobhaidh tú ríomhphost agus admháil ann go bhfuarthas d'iarratas. Agus áit faighte agat ar an bpróiseas *Droichead*, gheobhaidh tú ríomhphost deimhnithe.
6. Beidh naisc chuig eolas agus cáipéisíocht thábhachtach faoi iamh sa ríomhphost. Tugann sé cead duit tabhairt faoin bpróiseas agus beidh do dháta tosaithe istigh ann freisin.
7. Ní féidir tabhairt faoin bpróiseas *Droichead* go dtí go bhfaigheann tú an ríomhphost deimhnithe ón gComhairle Mhúinteoireachta.
8. Beidh cóip den ríomhphost deimhnithe de dhíth ó do FTG sular féidir leat tabhairt faoin bpróiseas *Droichead*.
9. Beidh cóip den ríomhphost deimhnithe de dhíth chun freastal ar na Cnuaschruinnithe.

Is coinníoll maidir le cleachtadh gairmiúil iarcháilíochta é *Droichead* a chuirtear i bhfeidhm ar MNCnna Bunscoile. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar na coinníollacha sin sna Nósanna Imeachta agus Critéir um Chleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta agus *Droichead*: Tá an Creat Comhtháite Ionduchtúchán Gairmiúil do mhí an Mhárta 2017 ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle ag **www.teachingcouncil.ie.**

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

# *Droichead*: Treoir Mhear

## Iar-bhunscoil

**Ó Mheán Fómhair 2020, is é an próiseas Droichead an t-aon bhealach ionduchtaithe do gach MNC iar-bhunscoile.**

| DROICHEAD: AN CREAT COMHTHÁITE IONDUCHTAITHE GAIRMIÚIL |
|---|
| Conradh/tairiscint fostaíochta de 200 uair ar a laghad i ndiaidh a chéile i dtimpeallacht incháilithe in aon iar-bhunscoil amháin |
| Bain leas as réimse tairsí na Comhairle Múinteoireachta ar www.teachingcouncil.ie chun iarratas a dhéanamh air. Roghnaigh "Logáil isteach / Mo Chlárúchán" ansin "Mo Choinníollacha" agus ansin cliceáil ar an rogha "Féach ar Shonraí" ar do choinníoll *Droichead* |
| 1) Déan iarratas chuig an gComhairle Mhúinteoireachta trí logáil isteach ar 'Mo Chlárúchán' ar shuíomh gréasáin na Comhairle www.teachingcouncil.ie |
| 2) Glac páirt sa phróiseas *Droichead*: Snáithe A: Ionduchtú Scoilbhunaithe<br>- Tacaithe ag Foireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG)<br>AGUS<br>Snáithe B: Gníomhaíochtaí Foghlama Gairmiúla Breise<br>- Freastail ar chnuaschruinniú MNC amháin in aghaidh an téarma (féach ar Nóta 8 thíos)<br>- Tabhair faoi Gníomhaíocht Foghlama Gairmiúla amháin eile ar a laghad a roghnaítear i gcomhairle leis an FTG |
| 3) Comhlánaigh an Fhoirm D ar líne de chuid *Droichead* ar thairseach na Comhairle Múinteoireachta chun an próiseas a thabhairt chun críche. Roghnaigh "Logáil isteach / Mo Chlárúchán" ansin "Mo Choinníollacha" agus ansin cliceáil ar an rogha "Féach ar Shonraí" ar do choinníoll *Droichead*. Cliceáil ar an rogha chun d'Fhoirm D de chuid *Droichead* a chomhlánú |

### Pointí le Tabhairt Faoi Deara

1. Sular gcuireann tú iarratas isteach ar an bpróiseas *Droichead*, ní mór duit na nithe seo a leanas a dhéanamh;
   i) a dhearbhú go bhfuil tú i timpeallacht incháilithe agus go gcomhlíonann tú an íostréimhse le haghaidh an phróisis.
   ii) a dhearbhú go bhfuil do scoil sásta an bealach a réiteach duit tríd an bpróiseas trí Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG) a shannadh duit a n-oibreoidh i gcomhar leat d'fhonn tacú leat agus meantóireacht a dhéanamh ort le linn do phróiseas ionduchtúcháin.
   iii) Alt 2 den doiciméad Nósanna Imeachta agus Critéir Iarcháilíochta a léamh agus a thuiscint ionas go mbeidh tú go hiomlán ar an eolas faoin bpróiseas *Droichead* agus faoin méid is gá duit a dhéanamh chun é a chur i gcrích. Is féidir teacht ar an gcáipéis sin faoi "Fhoilseacháin" ag www.teachingcouncil.ie
2. Maidir le d'Fhoireann Tacaíochta Ghairmiúil (FTG), ní mór go mbeadh ar a laghad de bheirt mhúinteoirí a chríochnaigh ar a laghad dhá lá oiliúna FTG sular féidir leo tús a chur leis an bpróiseas a bhfuil tú.
3. Ní féidir críoch a chuir le do phróiseas *Droichead* ach amháin nuair a bheidh gach ball de do FTG ceithre lá dá gcuid oiliúna FTG a chríochnú.
4. Tar éis iarratas a dhéanamh ar *Droichead* gheobhaidh tú ríomhphost agus admháil ann go bhfuarthas d'iarratas. Agus áit faighte agat ar an bpróiseas *Droichead*, gheobhaidh tú ríomhphost deimhnithe.
5. Beidh naisc chuig eolas agus cáipéisíocht thábhachtach faoi iamh sa ríomhphost. Tugann sé cead duit tabhairt faoin bpróiseas agus beidh do dháta tosaithe istigh ann freisin.
6. Ní féidir tabhairt faoin bpróiseas *Droichead* go dtí go bhfaigheann tú an ríomhphost deimhnithe ón gComhairle Mhúinteoireachta.
7. Beidh cóip den ríomhphost deimhnithe de dhíth ó do FTG sular féidir leat tabhairt faoin bpróiseas *Droichead*.
8. Beidh cóip den ríomhphost deimhnithe de dhíth chun freastal ar na Cnuaschruinnithe.

Is coinníoll maidir le cleachtadh gairmiúil iarcháilíochta é *Droichead* a chuirtear i bhfeidhm ar MNCnna iar-bhunscoile. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar na coinníollacha sin sna Nósanna Imeachta agus Critéir um Chleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta agus *Droichead*: Tá an Creat Comhtháite Ionduchtaithe Gairmiúil do mhí an Mhárta 2017 ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle ag **www.teachingcouncil.ie.**

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

# Aguisín 3
# Treoir Leagáide Choinníollacha um Chleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta

Roimh an 1 Meitheamh 2020, ar chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta, bhí feidhm go hiondúil leis na coinníollacha cleachtais ghairmiúla iarcháilíochta maidir le MNCnna Bunscoile agus Iar-bhunscoile. Tá an t-eolas seo a leanas ábhartha i gcúinsí teoranta amháin sa chás go bhfuil múinteoirí a chláraigh roimh an 1 Meitheamh 2020 ag comhlíonadh a gcoinníollacha tríd na Próisis Thraidisiúnta. Ba cheart an chuid seo a léamh i gcomhar leis na Socruithe Idirthréimhseacha maidir le Coinníollacha um Chleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta atá ann faoi láthair.

## Bunscoil

| DROICHEAD:<br>An Creat Comhtháite Ionduchtaithe Gairmiúil |
|---|
| 60 lá i ndiaidh a chéile ar a laghad |
| 1) Déan iarratas chuig an gComhairle trí logáil isteach ar 'Mo Chlárú' ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta |
| 2) Glac páirt sa phróiseas<br>Droichead: Snáithe A: Ionduchtú Scoilbhunaithe<br>- Tacaithe ag Foireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG) AGUS<br>Snáithe B: Gníomhaíochtaí Foghlama Gairmiúla Breise<br>- Freastail ar Chnuaschruinniú MNC amháin in aghaidh an téarma<br>- Tabhair faoi Ghníomhaíocht Foghlama Gairmiúla amháin eile ar a laghad a roghnaítear i gcomhairle leis an FTG |
| 3) Críochnaigh trí Fhoirm D a chur ar aghaidh |

**NÓ**

| PRÓISIS THRAIDISIÚNTA | |
|---|---|
| PROBHADH – NÍL SÉ AR FÁIL Ó MHEÁN FÓMHAIR 2020 | CEARDLANNA IONDUCHTÚ |
| 100 lá i ndiaidh a chéile ar a laghad(2 x 50 nó 1 x 100) | tinreamh 20 uair an chloig - roghanna solúbtha |
| 1) Déan Iarratas chuig Ionad Oideachais Luimnigh (IOL) ag úsáid Foirm OP1 | 1) Déan iarratas chuig d'Ionad Oideachais áitiúil |
| 2) Tar éis toradh sásúil a fháil ón bhFoireann Cigireachta faigh Ráiteas inniúlachta ón IOL | 2) Críochnaigh 10 gceardlann Nó<br>Cuir 6 uair an chloig i gcrích ag déanamh meantóireachta agus 7 gceardlann |

## Iar-bhunscoil

| DROICHEAD:<br>An Creat Comhtháite Ionduchtaithe Gairmiúil |
|---|
| Conradh 200 uair an chloig ar a laghad in Iar-bhunscoil amháin |
| 1) Déan iarratas chuig an gComhairle trí logáil isteach ar 'Mo Chlárú' ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta |
| 2) Glac páirt sa phróiseas<br>Droichead: Snáithe A: Ionduchtú Scoilbhunaithe<br>- Tacaithe ag Foireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG) AGUS<br>Snáithe B: Gníomhaíochtaí Foghlama Gairmiúla Breise<br>- Freastail ar Chnuaschruinniú MNC amháin in aghaidh an téarma<br>- Tabhair faoi Ghníomhaíocht Foghlama Gairmiúla amháin eile ar a laghad a roghnaítear i gcomhairle leis an FTG |
| 3) Críochnaigh trí Fhoirm D a chur ar aghaidh |

**NÓ**

| PRÓISIS THRAIDISIÚNTA | |
|---|---|
| IAR-CHÁILÍOCHTA FOSTAÍOCHTA (FIC) AR FÁIL I gCÚINSÍ TEORANTA AMHÁIN | CEARDLANNA IONDUCHTÚ |
| 300 uair an chloig ar a laghad ag múineadh in iar-bhunscoil amháin nó níos mó | tinreamh 20 uair an chloig - roghanna solúbtha |
| 1) Níl iarratas de dhíth | 1) Déan iarratas chuig d'Ionad Oideachais áitiúil |
| 2) Cuir 300 uair an chloig múinteoireachta i gcrích:<br>- 200 uair an chloig ar a laghad ag múineadh ábhar curaclaim iar-bhunscoile<br>- 200 uair an chloig ar a laghad ag múineadh ábhar curaclaim iar-bhunscoile | 2) Críochnaigh 10 gceardlann Nó<br>Cuir 6 uair an chloig i gcrích ag déanamh meantóireachta agus 7 gceardlann |
| 3) Críochnaigh trí Fhoirm D a chur ar aghaidh | 3) Críochnaigh – níl aon ghníomh de dhíth, rachaidh fógra go huathoibríoch chuig an gComhairle |

# Aguisín 4
# Caighdeáin maidir le *Droichead*

Tá na caighdeáin seo a leanas leagtha amach ag an gComhairle mar bhonn treise faoi phróiseas *Droichead*, mar threoir don MNC, in éineacht leis an FTG, i ndáil leis an bhfoghlaim agus leis an gcleachtadh gairmiúil. Déantar cíoradh breise ar tháscairí an dea-chleachtais i gcomhthéacsanna éagsúla mar chuid den fhorbairt ghairmiúil i ndáil leis an FTG, arna éascú ag Rannán Ionduchtúcháin Droichead de chuid Oide.
Trí pháirt a ghlacadh sa phróiseas *Droichead*, déanfaidh an múinteoir nuacháilithe an méid seo a leanas:

1. páirt a ghlacadh go gairmiúil le hionduchtúchán scoilbunaithe agus le bearta foghlama gairmiúla breise

2. dúthracht na gairmiúlachta a léiriú i ndáil le múinteoireacht agus foghlaim ar ardchaighdeán ar mhaithe leis na daltaí

3. páirt a glacadh sa chleachtadh machnaimh lena gcuirtear bonn treise faoin bhfoghlaim agus faoin gcleachtadh gairmiúil, go haonarach agus ag obair go comhoibríoch

# Aguisín 5
# Eolas Leagáide maidir le Promhadh (Bunscoile)

## 5.1 Iar-Nósanna imeachta agus iar-chritéir maidir le promhadh (bunscoil)

***Réamhrá***

Ó mhí Mheán Fómhair 2020 i leith is é *Droichead* an t-aon bhealach ionduchtaithe do gach MNC bunscoile. Níl na próisis thraidisiúnta maidir le Promhadh agus Ceardlanna Ionduchtaithe ar fáil a thuilleadh. Bhí feidhm leis na nósanna imeachta agus leis na critéir seo a leanas sa chás go raibh an próiseas promhaidh traidisiúnta á oibriú. Foireann Cigireachta na Roinne Oideachais a chuir an próiseas promhaidh i bhfeidhm ar iarratas an Chomhairle.

### *5.1.1 An t-iarphróiseas promhaidh*

5.1.1.1 Bhí dhá eilimint sa phróiseas promhaidh do mhúinteoirí bunscoile:

a) tréimhse seirbhíse sásúla i scoil a chur i gcrích (an riachtanas seirbhíse)

b) inniúlacht ghairmiúil a léiriú i suíomh scoile (riachtanas maidir le hinniúlacht ghairmiúil).

5.1.1.2 Bhí múinteoir bunscoile a bhí cláraithe faoi réir coinníollacha agus gur le cleachtadh gairmiúil iarcháilíochta a bhain na coinníollacha a bhí fós le comhlíonadh acu, i dteideal tús a chur leis an bpróiseas promhaidh.

Ní mór don mhúinteoir é sin a dhéanamh i bpost múinteoireachta a bhí aitheanta chun críocha promhaidh i mbunscoil.

5.1.1.3 Is faoi bhráid Ionad Oideachais Luimnigh (IOL) ag www.lec.ie is ceart iarratas maidir le tabhairt faoin bpróiseas promhaidh a dhéanamh ar an gcéad dul síos chomh maith le fiosrúchán ar bith eile ina leith. Ní fhéadfadh tús a chur le promhadh ach amháin sa chás go bhfuil gach coinníoll easnaimh eile agus Riachtanas na Gaeilge (más infheidhme) comhlíonta.

5.1.1.4 Chomh luath is a tháinig fianaise dheimhnithe ar an bpróiseas promhaidh a chríochnú go sásúil chuig an gComhairle, tógadh an choinníoll maidir leis an gclárúchán. Áirítear ar an bhfianaise:

a) Foirm C comhlánaithe ag dearbhú gur comhlíonadh an riachtanas seirbhíse agus

b) ráiteas inniúlachta ó Fhoireann Cigireachta na Roinne Oideachais agus Scileanna (arna chur ar fáil ag Ionad Oideachais Luimnigh (IOL).

5.1.1.5 Tá Foirm C ar fáil le híoslódáil ar [www.teachingcouncil.ie.](http://www.teachingcouncil.ie)

### *5.1.2 Suíomhanna inar féidir leis an bpróiseas promhaidh tarlú*

5.1.2.1 Leis an gcéim fáis maidir le *Droichead*, leagadh amach meicníocht do scoileanna chun athrú ó na próisis thraidisiúnta maidir le promhadh go dtí an próiseas *Droichead*. Bhí sé sin bunaithe den chuid is mó ar mhéid na scoile, ach bhí scoileanna in ann glacadh leis an rogha a bheith páirteach sa phróiseas freisin. Lean múinteoirí bunscoile orthu ag dul faoin bpróiseas promhaidh nuair a bhí siad ag múineadh i scoileanna a bhí taobh amuigh den chéim fáis nó sa chás nach raibh an próiseas *Droichead* ar fáil sa scoil.

5.1.2.2 Chuaigh múinteoir bunscoile faoin bpróiseas promhaidh nuair a bhí siad fostaithe mar mhúinteoir príomhshrutha ranga i scoil seachas an chuid dá dtagraítear thuas, a fhad is nach raibh an scoil sin cláraithe don phróiseas *Droichead*.

Bhí fostaíocht bhuan, fostaíocht shealadach nó fostaíocht ionadaíochta incháilithe sa chás gur mhúin an múinteoir gach 11 ábhar ar Churaclam na Bunscoile, Gaeilge san áireamh, do rang príomhshruth daltaí idir naíonáin bheaga agus rang a sé (grád amháin nó níos mó ná aon ghrád amháin) ar feadh lá iomlán scoile.

### *5.1.3 Riachtanas seirbhíse*

5.1.3.1 Chun an riachtanas seirbhíse maidir le promhadh a shásamh, ní mór do mhúinteoir bunscoile fostaíocht ináirithe a fháil i mbunscoil ar bhonn buan, sealadach nó ionadaíochta i bpost atá aitheanta le haghaidh promhaidh. Ní mór na nithe seo a leanas a bheith i gceist leis an bhfostaíocht:

a) ar a laghad 100 lá as a chéile in aon suíomh amháin, nó

b) ar a laghad 100 lá, a bhféadfadh dhá shuíomh faoi leith a bheith i gceist leo ar feadh dhá thréimhse nach giorra aon tréimhse acu ná 50 lá as a chéile.

I gceachtar den dá chás sin, ní mór múineadh aon dream amháin daltaí ar feadh na híostréimhse a bheith i gceist leis an tréimhse fostaíochta chomh maith leis na coinníollacha a leagtar amach thuas a chomhlíonadh.

5.1.3.2 Ní mór an tseirbhís seo a dhéanamh tar éis cáilíocht in oideachas tosaigh múinteoireachta a bhaint amach agus taobh istigh de thrí bliana ar a mhéid ó dháta an chéad chlárúcháin nó, más infheidhme, ón dáta ar sásaíodh coinníollacha eile (ach amháin an Clár Ceardlainne Ionduchtúcháin a d'fhéadfadh a bheith déanta an tráth céanna leis an bpromhadh). Is i rith na tréimhse ama sin a rinne Foireann Cigireachta na Roinne Oideachais agus Scileanna inniúlacht ghairmiúil an mhúinteora a mheas. Ní raibh ach fostaíocht le pá amháin ináirithe (féach 1.5 maidir le soiléiriú breise).

5.1.3.3 Is ar an múinteoir promhaidh féin a bhí d'fhreagracht fianaise i scríbhinn maidir leis an tseirbhís a fháil ón scoil nó ó na scoileanna ina bhfostaítear é nó í agus an t-eolas sin a chur faoi bhráid na Comhairle ar Fhoirm C ionas go sásaítear an Chomhairle maidir leis an riachtanas seirbhíse a chomhlíonadh.

5.1.3.4 I gcás múinteoirí a bhí fostaithe i scoileanna aitheanta roimh an 1 Meán Fómhair 2010 agus a bhfuil gá acu le fianaise ar a gcuid seirbhíse le cur faoi bhráid na Comhairle, cuirfidh an Roinn Oideachais agus Scileanna tuairisc ar a gcuid seirbhíse anuas go dtí an 31 Lúnasa 2010 ar fáil dóibh.

### *5.1.4* An *riachtanas* maidir le *hinniúlacht ghairmiúil*

5.1.4.1 Ionas go ndéanfaí inniúlacht ghairmiúil múinteora a mheas ar bhealach a shásódh coinníollacha promhaidh na Comhairle, chuir múinteoir iarratas ar chuairt chigireachta isteach chuig Ionad Oideachais Luimnigh ar Fhoirm OP1, a bhí ar fáil ar **www.lec.ie.** Rinne an IOL an obair riaracháin maidir leis an bpróiseas promhaidh thar ceann Fhoireann Cigireachta na Roinne Oideachais agus Scileanna agus thar ceann na Comhairle.

5.1.4.2 Rinneadh iarratas ar chuairt chigireachta go leictreonach agus a luaithe a thosaigh an múinteoir i mbun seirbhíse i bpost a leanfadh go ceann tréimhse 50 lá scoile as a chéile ar a laghad. Sa chás gur thosaigh múinteoir ar fhostaíocht incháilithe, ceadaíodh cúig lá oibre ar a mhéid maidir le hiarratas iomlán a chur faoi bhráid an IOL. Ní mór go raibh an post aitheanta chun críocha promhaidh (féach thuas agus 1.5 maidir le soiléiriú breise.)

Is é an dáta ar tháinig foirm OP1 a bhí líonta go hiomlán nó an chéad dáta fostaíochta ináirithe, cibé acu is deireanaí, a bhí in úsáid maidir leis an tréimhse 50/100 lá a ríomh. Tugadh faoi gach iarracht chun a chinntiú go ndéanfaí cigireacht i rith na scoilbhliana sin maidir le gach múinteoir incháilithe a rinne iarratas maidir le scrúdú cigireachta a luaithe a thosaigh siad i mbun seirbhíse i bpost cuí. Ní mór go mbeadh múinteoirí ar fáil maidir le cigireacht ar lá ar bith den tréimhse 50/100 lá. Ba chóir fógra maidir le neamhláithreacht réamhphleanáilte a chur ar aghaidh i bhfad roimh an am go dtí an cigire cuí. Sa chás gur tharla múinteoir a bheith as láthair ar chúis gan choinne, ba chóir don Phríomhoide nó don Phríomhoide Tánaisteach é sin a chur in iúl don chigire gan mhoill.

5.1.4.3 Bhí dáta deiridh i gceist maidir le glacadh le hiarratais. Cuireadh fógra roimh ré maidir leis an dáta deiridh in iúl ar **www.lec.ie** i rith an dara leath den scoilbhliain. Ní dearnadh próiseáil ar iarratais ar chuairteanna cigireachta tar éis an dáta deiridh. Ní mór go raibh foirm iarratais OP1 nua curtha faoi bhráid an IOL chun an dara cuairt chigireachta a iarraidh sa chás gur athraigh múinteoir go dtí an dara scoil, nach raibh an próiseas Droichead ar fáil inti, don dara tréimhse 50 lá as a chéile.

### *5.1.5 Inniúlacht ghairmiúil a mheas: cuairteanna agus tuairiscí cigireachta*

5.1.5.1 Mar chuid den phróiseas promhaidh i rith na bliana 2019/2020, d'aontaigh Foireann Cigireachta na Roinne Oideachais agus Scileanna thar ceann na Comhairle inniúlacht ghairmiúil na múinteoirí bunscoile i ranganna príomhshrutha i scoileanna nach bhfuil páirteach i bpróiseas *Droichead* a mheas. Is é cuspóir atá leis seo ná heolas a chur ar fáil maidir le cinntí na Comhairle i ndáil le clárúchán coinníollach nó clárúchán iomlán a dhéanamh ar mhúinteoirí bunscoile. (Féach Cuid 1.5 maidir le soiléiriú breise)

5.1.5.2 Bhí ar gach múinteoir a thugann faoin bpróiseas promhaidh páirt a ghlacadh sa Chlár Ceardlainne Ionduchtúcháin (a dtugtar cuntas air i gCuid 3.3 sa cháipéis seo). Ba chóir go mbeadh cúnamh agus comhairle faighte acu freisin ó phríomhoide na scoile agus ó mhúinteoirí eile.

5.1.5.3 Rachadh an Fhoireann Cigireachta i gcomhairle le príomhoide na scoile (nó le múinteoir lánchláraithe eile arna ainmniú ag an bpríomhoide) maidir le dul chun cinn an mhúinteora agus scrúdófaí obair an mhúinteora i rith chuairt chigireachta amháin nó níos mó ná cuairt amháin nach raibh aon fhógra tugtha ina leith. D'fhéadfadh sé gur tharla cuairt chigireachta tráth ar bith i rith na scoilbhliana agus b'iondúil nach mairfeadh cuairt níos faide ná leath lae scoile. Bheadh measúnú déanta ag an gcigire, i rith chuairt cigireachta, ar éifeachtúlacht an mhúinteora i dtimpeallacht an tseomra ranga agus i mbun réimsí agus ábhair de chuid an churaclaim a theagasc, faoi mar a leagtar amach i gCuraclam na Bunscoile. Bheadh comhairle agus aiseolas ó bhéal curtha ar fáil ag an gcigire freisin don mhúinteoir le linn gach cuairte. B'inmhianaithe an príomhoide (nó múinteoir lánchláraithe eile arna ainmniú ag an bpríomhoide) a bheith i láthair ag tráth ar tugadh aiseolas ó bhéal don mhúinteoir nuachláraithe ionas go mbítear in ann cúnamh leanúnach a chur ar fáil don mhúinteoir nuacháilithe nuair a bhíonn an chuairt chigireachta thart. Ag deireadh na cuairte, bheadh sé curtha in iúl ag an gcigire don mhúinteoir an bhfuil deireadh leis an measúnú ar an inniúlacht ghairmiúil nó an dtarlódh cuairt chigireachta eile lá is faide anonn. Tá na critéir a bhíonn in úsáid ag cigirí chun obair an mhúinteora a mheas ar fáil in Aguisín 6 agus ar an suíomh gréasáin atá ag Ionad Oideachais Luimnigh ar **www.lec.ie.**

5.1.5.4 Agus an chuairt (na cuairteanna) chigireachta déanta bheadh an rátáil a bheadh le lua le hobair an mhúinteora socraithe ag an bhFoireann Cigireachta mar seo a leanas:

a) **Léiríodh inniúlacht ghairmiúil shásúil i suíomh príomhshrutha**

Ráta é seo lenar tugadh le fios go raibh scileanna sásúla múinteoireachta léirithe ag an múinteoir i rang

príomhshrutha, nó

b) **Go raibh tréimhse bhreise de dhíth chun inniúlacht ghairmiúil a fhorbairt agus a léiriú**

Is iondúil nach féidir ráta mar seo a úsáid ach an t-aon uair amháin, tar éis dhá chuairt chigireachta (i rith na bliana tosaigh seirbhíse go hiondúil), nuair a d'fhéadfadh sé tarlú go bhfuil sé molta ag an gcigire go bhfuil breis ama ag teastáil ón múinteoir chun teacht chun cinn agus an inniúlacht ghairmiúil shásúil a léiriú. D'fhéadfadh sin a theacht i gceist mar gheall gurb é breith an chigire go raibh laige suntasach ag baint le hobair an mhúinteora agus go raibh breis ama ag teastáil uaidh/uaithi chun na scileanna cuí a fhorbairt, nó

c) **Níor léiríodh inniúlacht ghairmiúil shásúil**

Thug an rátáil seo le fios gurb é breith an chigire nár léirigh an múinteoir scileanna sásúla múinteoireachta sa suíomh ina raibh obair an mhúinteora á meas.

5.1.5.5 Chuirfeadh an Fhoireann Cigireachta deimhniú i scríbhinn (le teachtaireacht ríomhphoist ón IOL) ar fáil don mhúinteoir a raibh inniúlacht ghairmiúil shásúil léirithe aige nó aici.

5.1.5.6 Sa chás go raibh toradh sásúil ar an gcéad chuairt chigireachta ar mhúinteoir i suíomh teoranta roimh an scoilbhliain 2016/17, bhí socruithe nua i bhfeidhm. Déantar na socruithe idirthréimhseacha sin a fhoilsiú ar **www.teachingcouncil.ie.**

5.1.5.7 Ba ar an múinteoir féin a bhí sé de fhreagracht an deimhniú i scríbhinn sin a chur faoi bhráid na Comhairle, chomh maith le cruthúnas maidir leis an gcoinníoll seirbhíse, trí Fhoirm C a chur faoi bhráid arna líonadh isteach, ionas go sásaítear an Chomhairle i ndáil leis an gcoinníoll maidir le hinniúlacht ghairmiúil a chomhlíonadh.

5.1.5.8 I gcás múinteoirí arb é rátáil a luadh lena gcuid oibre "go bhfuil gá le tréimhse bhreise forbartha chun inniúlacht ghairmiúil a léiriú" nó "nár léiríodh inniúlacht ghairmiúil shásúil", chuirfeadh an Fhoireann Cigireachta tuairisc i scríbhinn ar fáil don mhúinteoir, tríd an IOL, ina leagtar amach toradh na meastóireachta agus ina luaitear comhairle maidir le breis forbartha.

5.1.5.9 Sa chás gur cuireadh síneadh leis an tréimhse phromhaidh, a bhí níos faide ná na gnáthriachtanais seirbhíse, ba ar an múinteoir a bhí de fhreagracht na bearta is gá a dhéanamh chun an próiseas promhaidh a thabhairt chun críche a luaithe a thosaítear ar sheirbhís ináirithe i scoil i rith na scoilbhliana dar gcionn. Ní iondúil gur féidir le múinteoirí den sórt sin iarratas a dhéanamh maidir le cuairt chigireachta bhreise i rith na scoilbhliana chéanna. Is féidir leis an múinteoir, de rogha air sin, dul faoin bpróiseas *Droichead.* (Féach Cuid 2 agus Cuid 4.1 maidir le soiléiriú breise).

5.1.5.10 Sa chás gurb é breith an chigire "nár léirigh an múinteoir inniúlacht ghairmiúil shásúil" de réir an chuntais thuas, ba ar an múinteoir a bhí sé d'fhreagracht na bearta riachtanacha a dhéanamh chun an próiseas promhaidh a thabhairt chun críche a luaithe a thosaítear ar sheirbhís ináirithe i scoil i rith na scoilbhliana dár gcionn. Ní mór don mhúinteoir tréimhse seirbhíse eile a chur i gcrích nach giorra ná dhá thréimhse 50 lá scoile as a chéile, leis an aon rang amháin sa dá chás, tráth a ndéanfaí inniúlacht ghairmiúil an mhúinteora a mheas.

5.1.5.11 Ní dhéantar tuairisc i scríbhinn a chur ar fáil feasta don mhúinteoir, tar éis toradh sásúil ar mheasúnú ar an inniúlacht ghairmiúil.

5.1.5.12 Is féidir le múinteoir athbhreithniú ar scrúdú cigireachta a lorg i gcomhréir leis na Nósanna Imeachta maidir le hAthbhreithniú ar Scrúduithe Cigireachta ar Scoileanna agus ar Mhúinteoirí faoi Alt 13(9) an Achta Oideachais,1998 atá ar fáil ar **www.education.ie.**

5.1.5.13 Ó mhí Mheán Fómhair 2016 ar aghaidh, ní thugann an Fhoireann Cigireachta cuairteanna breise feasta ar mhúinteoirí a cuireadh faoi phróiseas promhaidh roimhe seo i suíomh teoranta agus a d'athraigh idir an dá linn go dtí suíomh príomhshrutha. (Féach Cuid 3.1.2 "Múinteoirí a ndearnadh promhadh roimhe seo orthu i suíomh teoranta" chun tuilleadh eolais a fháil)

### *5.1.6 An próiseas promhaidh a thabhairt chun críche*

5.1.6.1 Tháinig deireadh leis an tréimhse phromhaidh nuair a bhí an Chomhairle cinnte go ndearnadh an riachtanas seirbhíse agus an riachtanas maidir le hinniúlacht ghairmiúil a shásamh go hiomlán. Chuir an Chomhairle deimhniú ar fáil don mhúinteoir maidir lena bheith cláraithe go coinníollach nó go hiomlán mar mhúinteoir.

5.1.6.2 Measadh múinteoirí a bhí cláraithe faoi Bhealach 1/Rialachán 2 (Bunscoil) agus a chomhlíon an riachtanas maidir le hinniúlacht ghairmiúil go sásúil i meascán de shuíomhanna príomhshrutha agus de shuíomhanna teoranta roimh mhí Mheán Fómhair 2016, a bheithprobháidithe sa suíomh inar tharla an chuairt/na cuairteanna cigireachta deiridh.

5.1.6.3 Sa chás nach gcomhlíontar an coinníoll clárúcháin seo go sásúil taobh istigh den teorainn ama a luaitear, d'fhéadfadh clárúchán an mhúinteora teacht i léig dá bharr sin agus d'fhéadfadh toradh tromchúiseach a bheith aige sin ar incháilitheacht an mhúinteora maidir le fostaíocht i scoil.

5.1.6.4 Tá modh athbhreithnithe ar bun ag an gComhairle sa chás go bhfuil clárúchán ar tí dul i léig mar gheall ar neamhchomhlíonadh coinníll.

5.1.6.5 Is riachtanas é do mhúinteoirí clárú leis an gComhairle chun go n-íocfar é/í ó chistí poiblí (Alt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001; Ciorclán 0025/2013 ón Roinn Oideachais agus Scileanna).

### *5.1.7 Riachtanas na Gaeilge*

5.1.7.1 Tá sé mar choinníoll clárúcháin faoi Bhealach 1/Rialachán 2 (Bunscoil) go sásaíonn an múinteoir Riachtanas Gaeilge na Comhairle. Múinteoirí ar gá dóibh an Chomhairle a shásamh maidir lena gcuid inniúlachta maidir le Gaeilge a mhúineadh (mar shampla múinteoirí a cuireadh faoi oiliúint tosaigh múinteoireachta taobh amuigh den Stát), déanann siad sin trí scrúdú inniúlachta a sheasamh (Scrúdú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (SCG)) nó tréimhse oiriúnachta a chur isteach (Oiriúnú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (OCG)). Déantar tástáil, leis an dá mhodh sin, ar chumas an mhúinteora Gaeilge a mhúineadh sa seomra ranga. Tá sonraí iomlána ar fáil ar **www.ilrweb.ie**. (Féach Cuid 1.6.2)

5.1.7.2 Chun an SCG nó an OCG a ghnóthú, beidh ar mhúinteoirí cruthúnas a chur ar fáil don chomhordaitheoir SCG/OCG in Institiúid Oideachais Marino go ndearnadh freastal ar chúrsa Gaeltachta trí seachtaine atá aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

5.1.7.3 TABHAIR FAOI DEARA: Anuas go dtí an 1 Meán Fómhair 2010, bhíodh ar mhúinteoirí a ghnóthaigh an SCG nó an OCG inniúlacht ghairmiúil a léiriú i mbun mhúineadh na Gaeilge i suíomh an tseomra ranga. Bhíodh ar na múinteoirí sin tuairisc (ráiteas) cigireachta ar inniúlacht shásúil ar an nGaeilge a mhúineadh a fháil taobh istigh de dhá bhliain ó dhul i mbun gnáthphost múinteoireachta. I bhfianaise go bhfuil scrúdú á dhéanamh anois mar chuid den phróiseas measúnaithe maidir leis an SCG agus leis an OCG araon, mar léiriú ar chumas an mhúinteora Gaeilge a mhúineadh i ngnáthshuíomh an tseomra ranga, níl gá feasta le tuairisc chigireachta (ráiteas) breise. Níl an nós imeachta sin in úsáid ón bhí 1 Meán Fómhair 2010 ann.

# Aguisín 6
# Critéir Leagáide maidir le Cigireachtaí Promhaidh

***Pleanáil, ullmhúchán agus tuairisc a choinneáil ar an dul chun cinn***

Léiríonn an múinteoir nuacháilithe go bhfuiltear i mbun pleanáil fhadtéarmach agus ghearrthéarmach i gcomhréir le polasaithe na scoile (e.g., measúnú agus polasaithe teagaisc agus foghlama eile a bhaineann le hábhar) agus le curaclam na bunscoile de réir na gcritéar seo a leanas:

Cuirtear clár ama leordhóthanach ranga le chéile le tagairt don chreat maidir le híosmhéid ama in aghaidh na seachtaine a shonraítear i gCuraclam na Bunscoile agus na moltaí a luaitear i gCiorclán 0056/2011 agus 0066/2011

Cuirtear cuspóirí teagaisc agus foghlama atá soiléir agus oiriúnach ar fáil leis an aird chuí ar Churaclam na Bunscoile agus ar Phlean na Scoile.

Déantar pleanáil maidir le héagsúlacht cumais, cúlraí agus stíleanna foghlamtha na ndaltaí.

Coinnítear tuairiscí ardchaighdeáin ar an dul chun cinn agus ullmhaítear réimse oiriúnach acmhainní.

***Bainistíocht agus eagrú seomra ranga***

Léiríonn an múinteoir nuacháilithe (MNC) scileanna bainistíochta maithe maidir leis an seomra ranga i ndáil leis na critéir seo a leanas: Spreagann dea-iompar trí leas a bhaint as córais chuí bainistíocht iompair. Cothaíonn caidreamh ceanúil leis na daltaí (moladh agus aiseolas dearfach san áireamh).

Cuireann timpeallacht tharraingteach foghlama ar fáil (leagan amach, caighdeán an ábhair taispeántais, obair na ndaltaí san áireamh, ionaid spéise srl.) Baineann an MNC úsáid éifeachtach as acmhainní.

Tugann faoi bhainistíocht maidir le tacaíocht an chúntóra riachtanas speisialta i gcomhthéacs an tseomra ranga (nuair is cuí sin).

***Caighdeán na múinteoireachta ar fud réimsí an churaclaim***

Léiríonn an MNC dúthracht shásúil maidir le dea-mhúinteoireacht de réir na gcritéar seo a leanas:

Oibríonn go neamhspleách trí chúnamh, treoir agus spreagadh a chur ar fáil do na daltaí ar mhaithe le torthaí foghlamtha ardchaighdeáin a bhaint amach.

Baineann leas as réimse oiriúnach de mhodhanna teagaisc, d’acmhainní agus de mhodhanna measúnachta. Clúdaíonn réimse oiriúnach ábhair.

Déanann soláthar d’éagsúlacht maidir le cumas, cúlra agus stíleanna foghlamtha na ndaltaí le cúram faoi leith do leibhéil na ndaltaí maidir le haird ar an ábhar agus inghlacthacht na ndaltaí.

Léiríonn scileanna maithe cumarsáide, leagann ceachtanna amach go stuama ó thaobh ábhair agus luais de. Áirithíonn aird ar leanúnachas agus ar dhul chun cinn.

***Caighdeán fhoghlaim na ndaltaí ar fud réimsí an churaclaim***

Léiríonn an MNC dúthracht shásúil maidir le dea-fhoghlaim de réir na gcritéar seo a leanas: Cinntíonn go bhfuil aird na ndaltaí ar an ábhar agus iad ag obair go diongbháilte.

Cuireann ar chumas na ndaltaí feasacht cuí ar an ábhar a phléitear, scileanna agus tuairimí, a léiriú. Cinntíonn go mbíonn torthaí foghlamtha na ndaltaí ar chaighdeán maith.

(Foinse: Foireann Cigireachta na Roinne Oideachais agus Scileanna)

# Aguisín 7

# Rialacháin Chlárúcháin 2016

Thug an Chomhairle rialacháin nua chlárúcháin isteach an 25 Iúil 2016 arna leasú. Faoi na rialacháin nua, déanfar múinteoirí a chlárú de réir Bealaí Clárúcháin. Leagtar amach sa tábla thíos an ceangal idir Rialacháin [Clárúchán] na Comhairle Múinteoireachta 2009 agus Rialacháin [Clárúchán] na Comhairle Múinteoireachta 2016.

| RIALACHÁIN CHLÁRÚCHÁIN 2009 | RIALACHÁIN CHLÁRÚCHÁIN 2016 |
|---|---|
| Rialachán a Dó (Bunscoil) | Bealach 1: Bunscoil |
| Rialachán a Trí (Montessori & Catagóirí eile) | Bealach 4: Eile |
| Rialachán a Ceathair (Iar-Bhunscoil) | Bealach 2: Iar-Bhunscoil |
| Rialachán a Cúig (Breisoideachas) | Bealach 3: Breisoideachas |

Tabhair faoi deara: Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar Rialacháin (Chlárúcháin) 2016 ag an gComhairle Mhúinteoireachta. Nuair atá an t-athbhreithniú tugtha chun críche, foilseofar iad ar www.teachingcouncil.ie

An Chomhairle Mhúinteoireachta
**An Chomhairle Mhúinteoireachta**

Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Contae Chill Dara, W23 Y7X0, Éire

Guthán +353 1 651 7900

Ríomhphost info@teachingcouncil.ie

**www.teachingcouncil.ie**

An Chomhairle Mhúinteoireachta
Mhúinteoireachta
The Teaching Council